*Uimhir* 2 *de* 2020

# An tAcht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 2 *de* 2020

# AN tACHT UM BEARTA ÉIGEANDÁLA AR MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL (COVID-19), 2020

*An tiontú oifigiúil*

## CLÁR AN ÁBHAIR


CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Alt

1. Gearrtheideal, tosach feidhme agus oibriú

2. Míniú

CUID 2

Oibriú an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004

3. Léiriú

4. An tréimhse éigeandála a fhadú

5. Fógraí foirceanta faoi Acht 2004

6. Toirmeasc ar mhéaduithe cíosa faoi Acht 2004

7. Imeachtaí os comhair Binse Tionóntachta

8. Teidlíocht chun fanacht i mbun teaghais a áitiú le linn na tréimhse éigeandála

CUID 3

Teorainneacha Ama a Ríomh maidir le Pleanáil agus Forbairt

9. Teorainneacha ama a ríomh le linn na héigeandála

CUID 4

Leasuithe ar Achtanna Áirithe lena Rialáiltear na Gairmeacha Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

10. Clárú de bhun bearta speisialta, ag féachaint do Covid-19

11. Clárú de bhun bearta speisialta, ag féachaint do Covid-19

12. Clárú de bhun bearta speisialta, ag féachaint do Covid-19

13. Leasú ar Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 – ailt 110 agus 111 a chur isteach

14. Clárú de bhun bearta speisialta, ag féachaint do Covid-19

CUID 5

Leasuithe ar an Acht Meabhair-Shláinte, 2001

15. Míniú (Cuid 5)

16. Riachtanais na héigeandála sláinte poiblí

17. Leasú ar alt 17 d'Acht 2001

18. Leasú ar alt 18 d'Acht 2001

19. Leasú ar alt 28 d'Acht 2001

20. Leasú ar alt 48 d'Acht 2001

21. Leasú ar alt 49 d'Acht 2001

22. Leasú ar alt 58 d'Acht 2001

23. Forálacha áirithe d'Acht 2001 nach mbeidh éifeacht leo

24. Forálacha idirthréimhseacha

CUID 6

Leasú ar an Acht Cosanta, 1954: Daoine a Bhí Liostáilte Tráth a Athliostáil

25. Léiriú

26. Leasú ar an Acht Cosanta, 1954: daoine a bhí liostáilte tráth a athliostáil

27. Forálacha lena rialaítear cúltacairí d'fhilleadh ar an bhfostaíocht

CUID 7

Covid-19: Forálacha maidir le Fóirdheontas Sealadach Pá

28. Covid-19: forálacha maidir le fóirdheontas sealadach pá

CUID 8

Leasú ar an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967

29. Oibriú alt 12 – an tréimhse éigeandála

CUID 9

Leasuithe ar an Acht um Chlárú Sibhialta, 2004

30. Míniú (Cuid 9)

31. Foireann an Ard-Chláraitheora do chomhlíonadh feidhmeanna cláraitheora agus fheidhmeanna an Chláraitheora Maoirseachta in imthosca eisceachtúla áirithe

32. Maolú ar an gceanglas atá ar dhaoine áirithe láithriú i bpearsa faoi Chuid 3 d'Acht 2004

33. Maolú ar an gceanglas atá ar dhaoine áirithe láithriú i bpearsa faoi Chuid 5 d'Acht 2004

## Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht um Rialú Foirgníochta, 1990 (Uimh. 3)

An tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004 (Uimh. 3)

Na hAchtanna Cánach Corparáide

An tAcht Cosanta, 1954 (Uimh. 18)

Acht na bhFiaclóirí, 1985 (Uimh. 9)

An tAcht um Láithreáin Thréigthe, 1990 (Uimh. 14)

An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 27)

Na hAchtanna Cánach Ioncaim

Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 (Uimh. 25)

An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001 (Uimh. 25)

Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011 (Uimh. 41)

An tAcht um Íoc Pá, 1991 (Uimh. 25)

An tAcht Cógaisíochta, 2007 (Uimh. 20)

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016 (Uimh. 17)

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (Uimh. 30)

An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 (Uimh. 21)

An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú), 2019 (Uimh. 14)

An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 (Uimh. 27)

Na hAchtanna Leasa Shóisialaigh

An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)

An tAcht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015 (Uimh. 33)

*Uimhir* 2 *de* 2020

**AN tACHT UM BEARTA ÉIGEANDÁLA AR MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL (COVID-19), 2020**

*An tiontú oifigiúil*

Acht do dhéanamh socrú eisceachtúil, ar mhaithe le leas an phobail agus ag féachaint don bhaol follasach tromaí atá ann don bheatha dhaonna agus don tsláinte phoiblí de dheasca an galar ar a dtugtar Covid-19 a bheith ag leathadh agus, d’fhonn maolú a dhéanamh, i gcás gurb indéanta sin, ar éifeacht leathadh an ghalair sin agus d’fhonn maolú a dhéanamh ar na droch-iarmhairtí eacnamaíocha a bheidh mar thoradh, nó is dóigh a bheidh mar thoradh, ar leathadh an ghalair sin agus d’fhonn maolú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh aige ar riaradh feidhmeanna seirbhíse poiblí ríthábhachtacha; do dhéanamh socrú i ndáil le hoibriú forálacha áirithe den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 le linn na tréimhse 3 mhí tar éis an tAcht seo a achtú agus le linn cibé tréimhse bhreise (más ann) a shonrófar le hordú ón Rialtas; do leasú an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 chun socrú a dhéanamh, in imthosca áirithe, maidir le neamhaird a thabhairt ar thréimhse áirithe le linn teorainneacha ama a ríomh dá dtagraítear san Acht sin agus in achtacháin áirithe eile; do dhéanamh socrú maidir le gairmithe áirithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a chlárú chun freastal don ghá atá le hacmhainní liachta chun maolú a dhéanamh ar an mbaol atá ann don bheatha dhaonna agus don tsláinte phoiblí ó Covid-19 agus, chun na gcríoch sin agus chun críoch gaolmhar, do leasú Acht na bhFiaclóirí, 1985, an Achta um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, an Achta Cógaisíochta, 2007, Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 agus Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011; do dhéanamh socrú, mar gheall ar riachtanais na héigeandála sláinte poiblí de dheasca Covid-19 a bheith ag leathadh, maidir le leasuithe agus modhnuithe áirithe ar na forálacha den Acht Meabhair-Shláinte, 2001 a bhaineann le hathbhreithnithe a dhéanamh faoi alt 18 den Acht sin; do leasú an Achta Cosanta, 1954 chun a chumasú daoine a bhí liostáilte tráth a athliostáil; dá chumasú fóirdheontas sealadach pá a sholáthar d’fhostaithe áirithe; do dhéanamh socrú i ndáil le hoibriú forálacha áirithe den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 ar feadh tréimhse áirithe tar éis an tAcht seo a achtú agus ar feadh cibé tréimhse bhreise (más ann) a shonrófar le hordú ón Rialtas agus, chun na críche sin, do leasú an Achta um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967; do dhéanamh socrú chun a cheadú go ndéanfar gnéithe áirithe den chóras cláraithe shibhialta a oibriú ar mhodh modhnaithe, más gá, ar feadh tréimhse theoranta agus ar feadh cibé tréimhse bhreise (más ann) a shonrófar

le hordú ón Rialtas, lena n-áirítear trína cheadú do dhaoine áirithe sonraí a sholáthar do chláraitheoir i scríbhinn seachas trí láithriú i bpearsa, agus trína cheadú d'fhoireann an Ard-Chláraitheora feidhmeanna cláraitheoirí áirithe a chomhlíonadh in imthosca a fhágfaidh nach mbeidh an córas cláraithe shibhialta ar fáil chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, nó nach mbeidh ar chumas an chórais cláraithe shibhialta a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a bheadh de ghnáth, agus, chun na gcríoch sin, do leasú an Achta um Chlárú Sibhialta, 2004; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [27 *Márta* 2020]

DE BHRÍ go bhfuil éigeandáil tagtha chun cinn sa Stát de bhua leathadh an ghalair ar a dtugtar Covid-19;

AGUS DE BHRÍ go bhfuil an Stát agus a shaoránaigh, ar shlite suntasacha, go mór faoi lé éifeacht leathadh an ghalair sin; agus, ag féachaint don dualgas bunreachtúil atá ar an Stát cearta na saoránach chun a mbeatha agus chun sláine coirp a urramú agus na cearta sin a chosaint agus a shuíomh lena dhlíthe sa mhéid gur féidir é, gur gá raon de bhearta agus de chosaintí urghnácha a thabhairt isteach chun an baol atá ann go ndéanfar daoine a ionfhabhtú leis an ngalar sin a chosc, a íoslaghdú, a theorannú nó a laghdú;

AGUS DE BHRÍ, maidir leis an éigeandáil atá tagtha chun cinn, gur de chineál í gur gá ar chúiseanna dosháraithe ar mhaithe le leas an phobail bearta urghnácha a dhéanamh chun maolú a dhéanamh, a mhéid is indéanta, ar na droch-iarmhairtí eacnamaíocha a bheidh mar thoradh, nó is dóigh a bheidh mar thoradh, ar leathadh an ghalair sin agus chun maolú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh aige ar riaradh feidhmeanna seirbhíse poiblí ríthábhachtacha;

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

## CUID 1

### Réamhráiteach agus Ginearálta

**Gearrtheideal, tosach feidhme agus oibriú**

**1.** (1) Féadfar an tAcht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020 a ghairm den Acht seo.

(2) (a) Tiocfaidh *Cuid 3* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil le hordú.

(b) Tiocfaidh *Cuid 5* i ngníomh an 30ú lá de Mhárta, 2020.

(c) Measfar gur tháinig na leasuithe a dhéantar le *Cuid 8* i ngníomh an 13ú lá de Mhárta, 2020.

(d) Measfar gur tháinig na leasuithe a dhéantar le *Cuid 9* i ngníomh an 13ú lá de Mhárta, 2020.

(3) Maidir leis na leasuithe agus na modhnuithe eile ar an Acht Meabhair-Shláinte, 2001 a dhéantar le *Cuid 5*—

(a) faoi réir *mhír (b)*, leanfaidh siad i ngníomh go dtí an 9ú lá de Shamhain, 2020, agus

(b) féadfar iad a choimeád i ngníomh le rún arna rith ag gach Teach den Oireachtas roimh an dáta dá dtagraítear i *mír (a)* go dtí cibé dáta a shonrófar sna rúin.

**Míniú**

**2.** San Acht seo, ciallaíonn "Covid-19" galar arb é is cúis leis ionfhabhtú leis an víreas SARS-CoV-2 agus a shonraítear mar ghalar aicídeach de réir Rialachán 6 de na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha, 1981 (I.R. Uimh. 390 de 1981) agus an Sceidil a ghabhann leis na Rialacháin sin, nó aon athraitheach ar an ngalar a shonraítear amhlaidh mar ghalar aicídeach sna Rialacháin sin.

## CUID 2

### Oibriú an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004

**Léiriú**

**3.** (1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn "Acht 2004" an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004;

ciallaíonn "tréimhse éigeandála"—

(a) an tréimhse 3 mhí dar tosach dáta achtaithe an Achta seo, agus

(b) cibé tréimhse eile (más ann) a shonrófar le hordú faoi *alt 4*.

(2) Sa Chuid seo—

(a) déanfar na tagairtí do thiarna talún a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do cheadúnóir de réir bhrí alt 37 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú), 2019,

(b) déanfar na tagairtí do thionónta a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do cheadúnaí de réir na brí sin, agus

(c) déanfar tagairtí do thionóntacht a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do cheadúnas de réir na brí sin.

(3) Beidh le focal nó le habairt a úsáidtear sa Chuid seo agus in Acht 2004 an bhrí sa Chuid seo atá leis nó léi san Acht sin.

**An tréimhse éigeandála a fhadú**

**4.** (1) Féadfaidh an Rialtas, ar iarraidh a fháil ón Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil—

(a) tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Sláinte, agus

(b) le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ó am go ham, le hordú,

an tréimhse éigeandála a fhadú go ceann cibé tréimhse a mheasfaidh siad is cuí, más deimhin leo, ag féachaint do na nithe seo a leanas—

(i) an baol don tsláinte phoiblí atá ann de dheasca Covid-19,

(ii) cineál sárthógálach an ghalair sin, agus

(iii) an gá atá ann srian a chur le gluaiseacht daoine chun leathadh an ghalair i measc an phobail a chosc,

gurb é leas an phobail an t-ordú sin a dhéanamh.

(2) Déanfar gach ordú faoin gCuid seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú sin.

**Fógraí foirceanta faoi Acht 2004**

**5.** (1) (a) Ní dhéanfaidh tiarna talún fógra foirceanta i ndáil le tionóntacht teaghaise a sheirbheáil le linn na tréimhse éigeandála.

(b) Aon tionónta nach bhfaigheadh aon chearta faoi Chuid 4 d’Acht 2004 murach oibriú *fho-alt (1)*, ní bhfaighidh sé nó sí, de bhua an oibrithe sin, cearta den sórt sin.

(2) (a) Faoi réir *mhír (b)*, i gcás go sonrófar dáta foirceanta i bhfógra foirceanta (ina luafar an foras a shonraítear i mír 1 den Tábla a ghabhann le halt 34 d’Acht 2004 mar chúis leis an bhfoirceannadh lena mbaineann) arna sheirbheáil roimh an tréimhse éigeandála, ar dáta é le linn nó tar éis na tréimhse éigeandála, measfar gurb é an dáta foirceanta faoin bhfógra sin an dáta foirceanta athbhreithnithe.

(b) Más rud é go ndéanfar díospóid nó gearán i leith ní ba chúis le fógra lena mbaineann *mír (a)* a tharchur chuig an mBord de réir alt 78 d’Acht 2004, scoirfidh an mhír sin d’éifeacht a bheith léi i ndáil leis an bhfógra sin—

(i) ar 10 lá a bheith caite ón tráth a dhéanfaidh breitheoir cinneadh faoi fho-alt (4) d’alt 97 d’Acht 2004 i ndáil leis an díospóid nó leis an ngearán lena mbaineann ach amháin i gcás go dtabharfar achomharc i gcoinne an chinnidh sin os comhair an Bhinse, nó

(ii) ar an mBinse do dhéanamh cinnidh faoi alt 108 (seachas cinneadh dá dtagraítear i bhfo-alt (2) den alt sin) d’Acht 2004 i leith achomharc den sórt sin.

(3) I gcás go sonrófar dáta foirceanta i bhfógra foirceanta (seachas fógra foirceanta lena mbaineann *fo-alt (1)*) dá dtagraítear in alt 34 d’Acht 2004, arna sheirbheáil roimh an tréimhse éigeandála, ar dáta é le linn nó tar éis na tréimhse éigeandála, measfar gurb é an dáta foirceanta faoin bhfógra sin an dáta foirceanta athbhreithnithe.

(4) (a) I gcás go sonrófar dáta foirceanta i bhfógra foirceanta i leith tionóntacht teaghaise is giorra ná 6 mhí arna sheirbheáil roimh an tréimhse éigeandála, ar dáta é le linn nó tar éis na tréimhse éigeandála, measfar gurb é an dáta foirceanta faoin bhfógra sin an dáta foirceanta athbhreithnithe.

(b) Ní bhfaighidh tionónta, de bhua oibriú an fho-ailt seo, aon chearta faoi Chuid 4 d’Acht 2004.

(5) Beidh éifeacht le halt 67 d'Acht 2004 le linn na tréimhse éigeandála amhail is dá gcuirfí "28 lá" in ionad "14 lá" i *bhfo-alt (3)*.

(6) San alt seo, ciallaíonn "dáta foirceanta athbhreithnithe", i gcás fógra foirceanta arna sheirbheáil roimh an tréimhse éigeandála, an dáta díreach i ndiaidh deireadh tréimhse arb é atá inti comhiomlán na dtréimhsí seo a leanas—

(a) an tréimhse fógra a bheidh gan chaitheamh ar thosach na tréimhse éigeandála, agus

(b) an tréimhse éigeandála.

(7) (a) D'ainneoin aon fhoráil san alt seo, toirmisctear gach díshealbhú beartaithe i ngach tionóntacht sa Stát, lena n-áirítear díshealbhuithe nach gcumhdaítear le hAcht 2004, le linn oibriú an *Achta um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020*.

(b) D'fhonn amhras a sheachaint, tá feidhm ag an alt seo maidir le gach teaghais Údaráis Áitiúil agus gach teaghais comhlachta Tithíochta Ceadaithe.

(c) D'fhonn amhras a sheachaint, ní ceart aon duine den Lucht Siúil a bhfuil cónaí air nó uirthi i láthair na huaire in aon áit a dhíshealbhú ón áit sin le linn na géarchéime seo ach amháin i gcás go mbeidh gá lena aistriú nó lena haistriú chun cruatan a mhaolú agus chun cosaint a thabhairt agus faoi réir comhairliúcháin leis na daoine den Lucht Siúil lena mbaineann.

**Toirmeasc ar mhéaduithe cíosa faoi Acht 2004**

**6.** D'ainneoin Acht 2004, aon mhéadú ar an gcíos faoi thionóntacht teaghaise—

(a) a thiocfadh in éifeacht, murach an t-alt seo, le linn na tréimhse éigeandála, ní thiocfaidh sé in éifeacht le linn na tréimhse sin, ná

(b) ní bheidh sé iníoctha i leith aon tréimhse le linn na tréimhse éigeandála.

**Imeachtaí os comhair Binse Tionóntachta**

**7.** Ní bheidh éifeacht le fo-alt (1) d'alt 106 d'Acht 2004 le linn na tréimhse éigeandála.

**Teidlíocht chun fanacht i mbun teaghais a áitiú le linn na tréimhse éigeandála**

**8.** (1) Aon tionónta—

(a) ar ar seirbheáladh fógra foirceanta de réir Acht 2004 roimh thosach na tréimhse éigeandála, agus

(b) a d'fhan i mbun áitiú na teaghaise lena mbaineann an fógra ó dheireadh na tréimhse fógra a cheanglaítear a thabhairt (cibé acu is le toiliú an tiarna talún lena mbaineann é nó nach ea) go dtí dáta thosach na tréimhse éigeandála,

beidh sé nó sí i dteideal fanacht i mbun áitiú na teaghaise go dtí deireadh na tréimhse éigeandála faoi réir téarmaí agus coinníollacha a bheidh comhionann leis na téarmaí agus na coinníollacha a raibh feidhm acu i leith thionóntacht na teaghaise lena mbaineann díreach sular seirbheáladh an fógra sin, mura rud é—

(i) go gceanglófar ar an tionónta an teaghais a fhágáil de réir cinneadh ó bhreithneoir faoi fho-alt (4) d'alt 97 d'Acht 2004, nó

(ii) i gcás go dtionscnófar achomharc i gcoinne an chinnidh sin, go gceanglófar ar an tionónta an teaghais a fhágáil de réir cinneadh ón mBinse faoi alt 108 den Acht sin.

(2) Ní bhfaighidh duine, de bhua oibriú an ailt seo, aon chearta faoi Chuid 4 d'Acht 2004.

## CUID 3

### Teorainneacha Ama a Ríomh maidir le Pleanáil agus Forbairt

**Teorainneacha ama a ríomh le linn na héigeandála**

**9.** Leasaítear an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 251:

"**251A.** (1) Le linn aon tréimhse chuí, tréimhse shonraithe nó teorainn ama eile dá dtagraítear sna hAchtanna nó sna forálacha seo a leanas, nó in aon rialacháin arna ndéanamh faoi na hAchtanna nó faoi na forálacha sin, a ríomh, tabharfar neamhaird ar an tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (2):

(a) ailt 4(4), 6 agus 17(6) den Acht um Rialú Foirgníochta, 1990;

(b) an tAcht um Láithreáin Thréigthe, 1990;

(c) an tAcht seo;

(d) Cuid 2 den Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015;

(e) Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016.

(2) Is í an tréimhse a mbeidh neamhaird le tabhairt uirthi faoi fho-alt (1) an tréimhse dar tosach an dáta a thiocfaidh *alt 9* den *Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020* i ngníomh agus, faoi réir fho-alt (6), dar críoch an dáta a shonrófar le hordú faoi fho-alt (3) nó a fhéadfar a shonrú le hordú faoi fho-alt (4).

(3) Díreach tar éis *d'alt 9* den *Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020* teacht i ngníomh, déanfaidh an Rialtas, ar iarraidh a fháil ón Aire, is iarraidh a dhéanfar tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Sláinte agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le hordú, an dáta a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse a mbeidh neamhaird le tabhairt uirthi faoi fho-alt (1) a shonrú.

(4) Féadfaidh an Rialtas, ar iarraidh a fháil ón Aire, is iarraidh a dhéanfar tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Sláinte agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le hordú—

(a) roimh dheireadh na tréimhse a bheidh sonraithe san ordú faoi fho-alt (3), dáta a shonrú, ar dáta é is déanaí ná an dáta a bheidh sonraithe san ordú sin, a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse a mbeidh neamhaird le tabhairt uirthi faoi fho-alt (1), agus

(b) dá éis sin, ó am go ham, ach roimh dheireadh na tréimhse a bheidh sonraithe san ordú arna dhéanamh faoi mhír (a) nó, i gcás go mbeidh ordú déanta roimhe sin faoin mír seo, roimh dheireadh na tréimhse a bheidh sonraithe san ordú deireanach a bheidh déanta amhlaidh, dáta a shonrú a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse a mbeidh neamhaird le tabhairt uirthi faoi fho-alt (1), ar dáta é is déanaí ná an dáta a bheidh sonraithe san ordú sin.

(5) Déanfaidh an Rialtas, le linn dó breith a thabhairt i dtaobh an dáta a shonrófar le hordú faoi fho-alt (3), nó a fhéadfar a shonrú le hordú faoi fho-alt (4), aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas—

(a) cineál an ghalair Covid-19 agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar dhaoine aonair, ar an tsochaí agus ar an Stát,

(b) cumas an Stáit freagairt don bhaol don tsláinte phoiblí a bhaineann le leathadh Covid-19,

(c) beartais agus cuspóirí an Rialtais chun sláinte agus leas daoine den phobal a chosaint,

(d) an gá atá ann maolú a dhéanamh ar na héifeachtaí eacnamaíocha a bhaineann le leathadh Covid-19,

(e) an gá atá ann a chinntiú go n-oibreoidh an córas pleanála go héifeachtach agus socrú a dhéanamh, ar mhaithe le leas an phobail, maidir le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe,

(f) an gá atá ann a chinntiú go n-oibreoidh an córas rialaithe foirgníochta go héifeachtach agus sláinte, sábháilteacht agus leas daoine a bheidh ag úsáid foirgneamh a chosaint, agus

(g) an gá atá ann an tionchar a mhaolú is dóigh a bheidh ag Covid-19 ar infhaighteacht acmhainní an Stáit ó thaobh feidhmeanna a chomhlíonadh a bhaineann leis na córais phleanála agus rialaithe foirgníochta.

(6) Is dáta nach déanaí ná an 9ú lá de Shamhain 2020 an dáta a shonrófar le hordú faoi fho-alt (3), nó a fhéadfar a shonrú le hordú faoi fho-alt (4), mar an dáta a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse a mbeidh neamhaird le tabhairt uirthi faoi fho-alt (1).

(7) San alt seo, ciallaíonn 'Covid-19' galar arb é is cúis leis ionfhabhtú leis an víreas SARS-CoV-2 agus a shonraítear mar ghalar aicídeach de réir Rialachán 6 de na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha, 1981 (I.R. Uimh. 390 de 1981) agus an Sceidil a ghabhann leis na Rialacháin sin, nó aon athraitheach ar an ngalar a shonraítear amhlaidh mar ghalar aicídeach sna Rialacháin sin.".

CUID 4

Leasuithe ar Achtanna Áirithe lena Rialáiltear na Gairmeacha Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

**Clárú de bhun bearta speisialta, ag féachaint do Covid-19**

**10.** Leasaítear Acht na bhFiaclóirí, 1985 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 68:

**"69.** (1) Féadfaidh duine a bhíodh ina chláraí nó ina cláraí roimhe sin iarratas a dhéanamh chun na Comhairle ar é nó í a chlárú sa chlár de bhun an ailt seo.

(2) Faoi réir fho-ailt (3) go (8), beidh feidhm ag forálacha an Achta seo, fairis na modhnuithe go léir is gá—

(a) maidir le clárú faoi alt 69 mar atá feidhm acu maidir le clárú sa chlár a dhéantar le halt eile den Acht seo, agus

(b) maidir le cláraí faoi alt 69 mar atá feidhm acu maidir le fiaclóir cláraithe nach cláraí faoi alt 69.

(3) Ní ghearrfar aon táille (lena n-áirítear táille choinneála) as iarratas faoi alt 69 ná as clárú faoi alt 69 ná i ndáil leis an gcéanna.

(4) I gcás go mbeidh ainm cláraí roimhe sin taifeadta sa chlár de bhun clárú faoi alt 69, déanfaidh an Chomhairle, nó cuirfidh sí faoi deara, an téarma '(clárú faoi alt 69)' a thaifeadadh sa chlár díreach i ndiaidh an ainm sin chun a léiriú gur de dhroim oibriú an ailt seo atá sé nó sí cláraithe.

(5) (a) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní lena gcoiscfear ainm cláraí roimhe sin a thaifeadadh sa chlár de bhun oibriú ailt eile den Acht seo, cibé acu atá nó nach bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta cheana sa chlár de bhun clárú faoi alt 69.

(b) I gcás go ndéanfar ainm cláraí roimhe sin a thaifeadadh sa chlár de bhun oibriú an Achta seo (seachas an t-alt seo) nuair a bheidh a ainm nó a hainm taifeadta cheana sa chlár de bhun clárú faoi alt 69, déanfaidh an Chomhairle, nó cuirfidh sí faoi deara, an taifeadadh deiridh sin a bhaint den chlár an tráth céanna a dhéanfar an taifeadadh céadluaite.

(c) Ní fhágfaidh clárú faoi alt 69 do chláraí roimhe sin a bheith diúltaithe go mbeidh cosc ar an gcláraí sin iarratas a dhéanamh faoi alt eile den Acht seo ar é nó í a chlárú sa chlár.

(6) (a) Faoi réir mhír (b), aon chláraí faoi alt 69 nár chleacht an fhiaclóireacht sa Stát nó in áit eile ar feadh 2 bhliain nó níos mó díreach sular tháinig sé nó sí chun bheith ina chláraí nó ina cláraí den sórt sin, ní chleachtfaidh sé nó sí an fhiaclóireacht.

(b) Ní bheidh feidhm ag mír (a) maidir le duine a scoirfidh de bheith ina chláraí nó ina cláraí faoi alt 69 de bhua oibriú fho-alt (5)(b).

(7) (a) Faoi réir fho-alt (8), gach clárú faoi alt 69 a bheidh fós i bhfeidhm an 31ú lá d'Iúil 2020, scoirfidh sé, an dáta sin agus dá éis, d'éifeacht a bheith leis.

(b) Déanfaidh an Chomhairle, nó cuirfidh sí faoi deara, gach ainm a taifeadadh sa chlár de bhun clárú faoi alt 69 a bhaint den chlár ar an dáta dá dtagraítear i mír (a) nó a luaithe is indéanta dá éis sin.

(8) (a) Féadfaidh an tAire, le hordú, dáta éagsúil a shonrú chun críocha fho-alt (7) (lena n-áirítear dáta éagsúil in ionad dáta éagsúil roimhe sin a shonrófar in ordú a dhéanfar faoin mír seo) agus, má shonraíonn an tAire amhlaidh, forléireofar an fo-alt sin, fairis na modhnuithe go léir is gá, chun an dáta céadluaite sin a chur i gcuntas.

(b) Beidh feidhm ag alt 63(2), fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le hordú a dhéanfar faoi mhír (a) mar atá feidhm ag an alt sin maidir le rialachán a dhéanfar faoin Acht seo.

(9) San alt seo—

ciallaíonn 'cláraí roimhe sin' iarfhiaclóir cláraithe ar baineadh a ainm nó a hainm den chlár de bhun alt 32(1);

ciallaíonn 'iarratas faoi alt 69' iarratas faoi fho-alt (1);

ciallaíonn 'cláraí faoi alt 69' fiaclóir cláraithe is fiaclóir cláraithe—

(a) de bhun cinneadh ón gComhairle i leith iarratas faoi alt 69, nó

(b) de bhun breith (cibé tuairisc atá uirthi) ón Ard-Chúirt de dhroim cinneadh ón gComhairle i leith iarratas faoi alt 69;

ciallaíonn 'clárú faoi alt 69' clárú a dhéantar sa chlár—

(a) de bhun cinneadh ón gComhairle i leith iarratas faoi alt 69, nó

(b) de bhun breith (cibé tuairisc atá uirthi) ón Ard-Chúirt de dhroim cinneadh ón gComhairle i leith iarratas faoi alt 69.".

**Clárú de bhun bearta speisialta, ag féachaint do Covid-19**

**11.** Leasaítear an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 97:

**"98.** (1) (a) Féadfaidh cláraí roimhe sin de chuid gairm ainmnithe (dá ngairtear 'an ghairm ainmnithe iomchuí' san alt seo) iarratas a dhéanamh chun bord clárúcháin na gairme sin (dá ngairtear an 'bord iomchuí' san alt seo) ar theacht chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den ghairm sin athuair.

(b) Maidir leis an iarratas faoi alt 98, ní foláir é a bheith san fhoirm, agus an fhaisnéis a bheith ann, a éileoidh an príomh-oifigeach feidhmiúcháin.

(2) Faoi réir fho-ailt (3) go (7), beidh feidhm ag forálacha an Achta seo, fairis na modhnuithe go léir is gá—

(a) maidir le clárú faoi alt 98 mar atá feidhm acu maidir le clárú sa ghairm ainmnithe iomchuí a dhéantar le halt eile den Acht seo, agus

(b) maidir le cláraí faoi alt 98 mar atá feidhm acu maidir le cláraí sa ghairm ainmnithe iomchuí nach cláraí faoi alt 98.

(3) Ní ghearrfar aon táille as na nithe seo a leanas ná i ndáil leo—

(a) iarratas faoi alt 98, nó

(b) clárú faoi alt 98 nó clárú den sórt sin a choinneáil.

(4) I gcás go ndéanfar ainm cláraí roimhe sin a thaifeadadh sa chlár don ghairm ainmnithe iomchuí de bhun clárú faoi alt 98, déanfaidh an príomh-oifigeach feidhmiúcháin, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara, an téarma '(clárú faoi alt 98)' a thaifeadadh sa chlár díreach i ndiaidh an ainm sin chun a léiriú gur de dhroim oibriú an ailt seo atá sé nó sí cláraithe sa chlár sin.

(5) (a) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní lena gcoiscfear ainm cláraí roimhe sin a thaifeadadh sa chlár don ghairm ainmnithe iomchuí de bhun oibriú ailt eile den Acht seo, cibé acu atá nó nach bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta cheana sa chlár sin de bhun clárú faoi alt 98.

(b) I gcás go ndéanfar ainm cláraí roimhe sin a thaifeadadh sa chlár don ghairm ainmnithe iomchuí de bhun oibriú an Achta seo (seachas an t-alt seo) nuair a bheidh a ainm nó a hainm taifeadta cheana sa chlár sin de bhun clárú faoi alt 98, déanfaidh an príomh-oifigeach feidhmiúcháin, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara, an taifeadadh deiridh sin a bhaint den chlár sin an tráth céanna a dhéanfar an taifeadadh céadluaite.

(c) Ní fhágfaidh clárú faoi alt 98 do chláraí roimhe sin a bheith diúltaithe go mbeidh cosc ar an gcláraí sin iarratas a dhéanamh faoi alt eile den Acht seo ar é nó í a chlárú sa chlár don ghairm ainmnithe iomchuí.

(6) (a) Faoi réir fho-alt (7), gach clárú faoi alt 98 a bheidh fós i bhfeidhm an 31ú lá d'Iúil 2020, scoirfidh sé, an dáta sin agus dá éis, d'éifeacht a bheith leis.

(b) Déanfaidh an príomh-oifigeach feidhmiúcháin, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara, gach ainm a taifeadadh sa chlár don ghairm ainmnithe iomchuí de bhun clárú faoi alt 98 a bhaint den chlár sin ar an dáta dá dtagraítear i mír (a) nó a luaithe is indéanta dá éis sin.

(7) (a) Féadfaidh an tAire, le hordú, dáta éagsúil a shonrú chun críocha fho-alt (6) (lena n-áirítear dáta éagsúil in ionad dáta éagsúil roimhe sin a shonrófar in ordú a dhéanfar faoin mír seo) agus, má shonraíonn an tAire amhlaidh, forléireofar an fo-alt sin, fairis na modhnuithe go léir is gá, chun an dáta céadluaite sin a chur i gcuntas.

(b) Beidh feidhm ag alt 95(4) go (6), fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le hordú a dhéanfar faoi mhír (a) mar atá feidhm ag an alt sin maidir le rialachán a dhéanfar faoi fhoráil den Acht seo.

(8) San alt seo—

ciallaíonn 'cláraí roimhe sin' iarchláraí ar baineadh a ainm nó a hainm den chlár don ghairm ainmnithe iomchuí de bhun alt 39(1) nó 40(1);

ciallaíonn 'iarratas faoi alt 98' iarratas faoi fho-alt (1);

ciallaíonn 'cláraí faoi alt 98' cláraí is cláraí—

(a) de bhun cinneadh ón bpríomh-oifigeach feidhmiúcháin i leith iarratas faoi alt 98, nó

(b) de bhun breith (cibé tuairisc atá uirthi) ón gCúirt de dhroim cinneadh ón bpríomh-oifigeach feidhmiúcháin i leith iarratas faoi alt 98;

ciallaíonn 'clárú faoi alt 98' clárú arna dhéanamh sa chlár don ghairm ainmnithe iomchuí—

(a) de bhun cinneadh ón bpríomh-oifigeach feidhmiúcháin i leith iarratas faoi alt 98, nó

(b) de bhun breith (cibé tuairisc atá uirthi) ón gCúirt de dhroim cinneadh ón bpríomh-oifigeach feidhmiúcháin i leith iarratas faoi alt 98.".

**Clárú de bhun bearta speisialta, ag féachaint do Covid-19**

**12.** Leasaítear an tAcht Cógaisíochta, 2007 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 76:

"**77.** (1) Féadfaidh cláraí roimhe sin iarratas a dhéanamh chun na Comhairle ar é nó í a chlárú sa chlár de bhun an ailt seo.

(2) Faoi réir fho-ailt (3) go (7), beidh feidhm ag forálacha an Achta seo, fairis na modhnuithe go léir is gá—

(a) maidir le clárú faoi alt 77 mar atá feidhm acu maidir le clárú sa chlár a dhéantar le halt eile den Acht seo, agus

(b) maidir le cláraí faoi alt 77 mar atá feidhm acu maidir le duine atá cláraithe sa chlár agus nach cláraí faoi alt 77 é nó í.

(3) Ní ghearrfar aon táille as na nithe seo a leanas ná i ndáil leo—

(a) iarratas faoi alt 77, nó

(b) clárú faoi alt 77 nó clárú den sórt sin a choinneáil.

(4) I gcás go ndéanfar ainm cláraí roimhe sin a thaifeadadh sa chlár de bhun clárú faoi alt 77, déanfaidh an Chomhairle, nó cuirfidh sí faoi deara, an téarma '(clárú faoi alt 77)' a thaifeadadh sa chlár díreach i ndiaidh an ainm sin chun a léiriú gur de dhroim oibriú an ailt seo atá sé nó sí cláraithe sa chlár.

(5) (a) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní lena gcoiscfear ainm cláraí roimhe sin a thaifeadadh sa chlár de bhun oibriú ailt eile den Acht seo, cibé acu atá nó nach bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta cheana sa chlár de bhun clárú faoi alt 77.

(b) I gcás go ndéanfar ainm cláraí roimhe sin a thaifeadadh sa chlár de bhun oibriú an Achta seo (seachas an t-alt seo) nuair a bheidh a ainm nó a hainm taifeadta cheana sa chlár de bhun clárú faoi alt 77, déanfaidh an Chomhairle, nó cuirfidh sí faoi deara, an taifeadadh deiridh sin a chealú an tráth céanna a dhéanfar an taifeadadh céadluaite.

(c) Ní fhágfaidh clárú faoi alt 77 do chláraí roimhe sin a bheith diúltaithe go mbeidh cosc ar an gcláraí sin iarratas a dhéanamh faoi alt eile den Acht seo ar é nó í a chlárú sa chlár.

(6) (a) Faoi réir fho-alt (7), gach clárú faoi alt 77 a bheidh fós i bhfeidhm an 31ú lá d'Iúil 2020, scoirfidh sé, an dáta sin agus dá éis, d'éifeacht a bheith leis.

(b) Déanfaidh an Chomhairle, nó cuirfidh sí faoi deara, gach ainm a taifeadadh sa chlár de bhun clárú faoi alt 77 a chealú ar an dáta dá dtagraítear i mír (a) nó a luaithe is indéanta dá éis sin.

(7) (a) Féadfaidh an tAire, le hordú, dáta éagsúil a shonrú chun críocha fho-alt (6) (lena n-áirítear dáta éagsúil in ionad dáta éagsúil roimhe sin a shonrófar in ordú a dhéanfar faoin mír seo) agus, má shonraíonn an tAire amhlaidh, forléireofar an fo-alt sin, fairis na modhnuithe go léir is gá, chun an dáta céadluaite sin a chur i gcuntas.

(b) Beidh feidhm ag alt 76(1) agus (2), fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le hordú a dhéanfar faoi mhír (a) mar atá feidhm ag an alt sin maidir le rialacháin dá dtagraítear san alt sin.

(8) San alt seo—

ciallaíonn 'cláraí roimhe sin' iarchógaiseoir cláraithe nó iarchúntóir cógaisíochta, de réir mar is cuí, a bhíodh cláraithe roimhe sin sa chlár agus a cealaíodh den chlár de bhun alt 59 nó 60;

ciallaíonn 'iarratas faoi alt 77' iarratas faoi fho-alt (1);

ciallaíonn 'cláraí faoi alt 77' duine atá cláraithe sa chlár—

(a) de bhun cinneadh ón gComhairle i leith iarratas faoi alt 77, nó

(b) de bhun breith (cibé tuairisc atá uirthi) ón Ard-Chúirt de dhroim cinneadh ón gComhairle i leith iarratas faoi alt 77;

ciallaíonn 'clárú faoi alt 77' clárú arna dhéanamh sa chlár—

(a) de bhun cinneadh ón gComhairle i leith iarratas faoi alt 77, nó

(b) de bhun breith (cibé tuairisc atá uirthi) ón Ard-Chúirt de dhroim cinneadh ón gComhairle i leith iarratas faoi alt 77.".

**Leasú ar Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 – ailt 110 agus 111 a chur isteach**

**13.** Leasaítear Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 109:

**"Clárú de bhun bearta speisialta, ag féachaint do Covid-19**

**110.** (1) Féadfaidh cláraí roimhe sin iarratas a dhéanamh chun na Comhairle ar é nó í a chlárú de bhun an ailt seo.

(2) Faoi réir fho-ailt (3) go (7), beidh feidhm ag forálacha an Achta seo, fairis na modhnuithe go léir is gá—

(a) maidir le clárú faoi alt 110 mar atá feidhm acu maidir le clárú sa chlár a dhéantar le halt eile den Acht seo, agus

(b) maidir le cláraí faoi alt 110 mar atá feidhm acu maidir le lia-chleachtóir cláraithe nach cláraí faoi alt 110 é nó í.

(3) Ní ghearrfar aon táille as na nithe seo a leanas ná i ndáil leo—

(a) iarratas faoi alt 110, nó

(b) clárú faoi alt 110 nó clárú den sórt sin a choinneáil.

(4) I gcás go ndéanfar ainm cláraí roimhe sin a thaifeadadh sa chlár de bhun clárú faoi alt 110, déanfaidh an Chomhairle, nó cuirfidh sí faoi deara, an téarma '(clárú faoi alt 110)' a thaifeadadh sa chlár díreach i ndiaidh an ainm sin chun a léiriú gur de dhroim oibriú an ailt seo atá sé nó sí cláraithe.

(5) (a) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní lena gcoiscfear ainm cláraí roimhe sin a thaifeadadh sa chlár de bhun oibriú ailt eile den Acht seo, cibé acu atá nó nach bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta cheana sa chlár de bhun clárú faoi alt 110.

(b) I gcás go ndéanfar ainm cláraí roimhe sin a thaifeadadh sa chlár de bhun oibriú an Achta seo (seachas an t-alt seo) nuair a bheidh a ainm nó a hainm taifeadta cheana sa chlár de bhun clárú faoi alt 110, déanfaidh an Chomhairle, nó cuirfidh sí faoi deara, an taifeadadh deiridh sin a bhaint den chlár an tráth céanna a dhéanfar an taifeadadh céadluaite.

(c) Ní fhágfaidh clárú faoi alt 110 do chláraí roimhe sin a bheith diúltaithe go mbeidh cosc ar an gcláraí sin iarratas a dhéanamh faoi alt eile den Acht seo ar é nó í a chlárú.

(6) (a) Faoi réir fho-alt (7), gach clárú faoi alt 110 a bheidh fós i bhfeidhm an 31ú lá d'Iúil 2020, scoirfidh sé, an dáta sin agus dá éis, d'éifeacht a bheith leis.

(b) Déanfaidh an Chomhairle, nó cuirfidh sí faoi deara, gach ainm a taifeadadh sa chlár de bhun clárú faoi alt 110 a bhaint den chlár ar an dáta dá dtagraítear i mír (a) nó a luaithe is indéanta dá éis sin.

(7) (a) Féadfaidh an tAire, le hordú, dáta éagsúil a shonrú chun críocha fho-alt (6) (lena n-áirítear dáta éagsúil in ionad dáta éagsúil roimhe sin a shonrófar in ordú a dhéanfar faoin mír seo) agus, má shonraíonn an tAire amhlaidh, forléireofar an fo-alt sin agus alt 111(2), fairis na modhnuithe go léir is gá, chun an dáta céadluaite sin a chur i gcuntas.

(b) Beidh feidhm ag alt 8(2), fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le hordú a dhéanfar faoi mhír (a) mar atá feidhm ag an alt sin maidir le hordú a dhéanfar faoi alt 8.

(8) San alt seo—

ciallaíonn 'cláraí roimhe sin' iar-lia-chleachtóir cláraithe ar baineadh a ainm nó a hainm den chlár;

ciallaíonn 'iarratas faoi alt 110' iarratas faoi fho-alt (1);

ciallaíonn 'cláraí faoi alt 110' lia-chleachtóir cláraithe is lia-chleachtóir cláraithe—

(a) de bhun cinneadh ón gComhairle i leith iarratas faoi alt 110, nó

(b) de bhun breith (cibé tuairisc atá uirthi) ón gCúirt de dhroim cinneadh ón gComhairle i leith iarratas faoi alt 110;

ciallaíonn 'clárú faoi alt 110' clárú arna dhéanamh—

(a) de bhun cinneadh ón gComhairle i leith iarratas faoi alt 110, nó

(b) de bhun breith (cibé tuairisc atá uirthi) ón gCúirt de dhroim cinneadh ón gComhairle i leith iarratas faoi alt 110.

**Modhnú ar oibriú alt 105(1)(a)**

**111.** (1) Faoi réir fho-alt (2), níl pearsa aonair iomchuí ag cleachtadh míochaine de shárú ar fhoráil den Acht seo, chun críocha alt 105(1)(a), má tá sé nó sí ag gníomhú—

(a) faoi threorú agus faoi rialú lia-chleachtóra chláraithe, nó

(b) de réir ordachán i scríbhinn arna thabhairt ag lia-chleachtóir cláraithe don phearsa aonair iomchuí sin.

(2) Scoirfidh an t-alt seo d'éifeacht a bheith leis ar an dáta a scoirfidh clárú faoi alt 110 (de réir bhrí alt 110(8) ) d'éifeacht a bheith leis de bhun alt 110(6).

(3) San alt seo, ciallaíonn 'pearsa aonair iomchuí'—

(a) fiaclóir atá cláraithe faoi Acht na bhFiaclóirí, 1985,

(b) duine atá cláraithe faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 chun gairm a ainmnítear faoin Acht sin a chleachtadh,

(c) cógaiseoir nó cúntóir cógaisíochta atá cláraithe faoin Acht Cógaisíochta, 2007,

(d) altra nó cnáimhseach atá cláraithe faoi Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011, nó

(e) duine atá cláraithe sa chlár faoin Ordú fán gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (Bunú), 2000 (I.R. Uimh. 109 de 2000).".

**Clárú de bhun bearta speisialta, ag féachaint do Covid-19**

**14.** Leasaítear Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 107:

**"108.** (1) Féadfaidh cláraí roimhe sin iarratas a dhéanamh chun an Bhoird ar é nó í a chlárú i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach de bhun an ailt seo.

(2) Faoi réir fho-ailt (3) go (7), beidh feidhm ag forálacha an Achta seo, fairis na modhnuithe go léir is gá—

(a) maidir le clárú faoi alt 108 mar atá feidhm acu maidir le clárú i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach a dhéantar le halt eile den Acht seo, agus

(b) maidir le cláraí faoi alt 108 mar atá feidhm acu maidir le haltra cláraithe nó cnáimhseach chláraithe, de réir mar is cuí, nach cláraí faoi alt 108 é nó í.

(3) Ní ghearrfar aon táille as na nithe seo a leanas ná i ndáil leo—

(a) iarratas faoi alt 108, nó

(b) clárú faoi alt 108 nó clárú den sórt sin a choinneáil.

(4) I gcás go ndéanfar ainm cláraí roimhe sin a thaifeadadh i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach de bhun clárú faoi alt 108, déanfaidh an Bord, nó cuirfidh sé faoi deara, an téarma '(clárú faoi alt 108)' a thaifeadadh sa chlár díreach i ndiaidh an ainm chun a léiriú gur de dhroim oibriú an ailt seo atá sé nó sí cláraithe sa chlár.

(5) (a) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní lena gcoiscfear ainm cláraí roimhe sin a thaifeadadh i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach de bhun oibriú ailt eile den Acht seo, cibé acu atá nó nach bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta cheana sa chlár sin de bhun clárú faoi alt 108.

(b) I gcás go ndéanfar ainm cláraí roimhe sin a thaifeadadh i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach de bhun oibriú an Achta seo (seachas an t-alt seo) nuair a bheidh a ainm nó a hainm taifeadta cheana sa chlár sin de bhun clárú faoi alt 108, déanfaidh an Bord, nó cuirfidh sé faoi deara, an taifeadadh deiridh sin a bhaint den chlár sin an tráth céanna a dhéanfar an taifeadadh céadluaite.

(c) Ní fhágfaidh clárú faoi alt 108 do chláraí roimhe sin a bheith diúltaithe go mbeidh cosc ar an gcláraí sin iarratas a dhéanamh faoi alt eile den Acht seo ar é nó í a chlárú i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach.

(6) (a) Faoi réir fho-alt (7), gach clárú faoi alt 108 a bheidh fós i bhfeidhm an 31ú lá d'Iúil 2020, scoirfidh sé, an dáta sin agus dá éis, d'éifeacht a bheith leis.

(b) Déanfaidh an Bord, nó cuirfidh sé faoi deara, gach ainm a taifeadadh i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach de bhun clárú faoi alt 108 a bhaint den chlár sin ar an dáta dá dtagraítear i mír (a) nó a luaithe is indéanta dá éis sin.

(7) (a) Féadfaidh an tAire, le hordú, dáta éagsúil a shonrú chun críocha fho-alt (6) (lena n-áirítear dáta éagsúil in ionad dáta éagsúil roimhe sin a shonrófar in ordú a dhéanfar faoin mír seo) agus, má shonraíonn an tAire amhlaidh, forléireofar an fo-alt sin, fairis na modhnuithe go léir is gá, chun an dáta céadluaite sin a chur i gcuntas.

(b) Beidh feidhm ag alt 3(3), fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le hordú a dhéanfar faoi mhír (a) mar atá feidhm ag an alt sin maidir le rialachán a dhéanfar faoin Acht seo.

(8) San alt seo—

ciallaíonn 'cláraí roimhe sin' iar-altra cláraithe nó iarchnáimhseach chláraithe, de réir mar is cuí, ar baineadh a ainm nó a hainm de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach de bhun alt 50 nó 77;

ciallaíonn 'iarratas faoi alt 108' iarratas faoi fho-alt (1);

ciallaíonn 'cláraí faoi alt 108' altra cláraithe nó cnáimhseach chláraithe, de réir mar is cuí, is altra cláraithe nó cnáimhseach chláraithe—

(a) de bhun cinneadh ón mBord i leith iarratas faoi alt 108, nó

(b) de bhun breith (cibé tuairisc atá uirthi) ón gCúirt de dhroim cinneadh ón mBord i leith iarratas faoi alt 108;

ciallaíonn 'clárú faoi alt 108' clárú i gclár na n-altraí agus na gcnáimhseach—

(a) de bhun cinneadh ón mBord i leith iarratas faoi alt 108, nó

(b) de bhun breith (cibé tuairisc atá uirthi) ón gCúirt de dhroim cinneadh ón mBord i leith iarratas faoi alt 108.".

## CUID 5

## Leasuithe ar an Acht Meabhair-Shláinte, 2001

**Míniú (*Cuid 5*)**

**15.** Sa Chuid seo, ciallaíonn "Acht 2001" an tAcht Meabhair-Shláinte, 2001.

**Na riachtanais a bhaineann leis an éigeandáil sláinte poiblí**

**16.** Leasaítear Acht 2001 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 2:

"**2A.** (1) Aon tagairt san Acht seo do na riachtanais a bhaineann leis an éigeandáil sláinte poiblí, is tagairt í do na riachtanais a bhaineann leis an éigeandáil sláinte poiblí de dheasca Covid-19 a bheith ag leathadh agus, go háirithe:

(a) don bhaol follasach tromaí atá ann don bheatha dhaonna agus don tsláinte phoiblí de dheasca Covid-19 a bheith ag leathadh;

(b) don ghá, ar chúiseanna dosháraithe a bhaineann le leas an phobail, atá le bearta agus cosaintí chun an baol atá ann go ndéanfar daoine a ionfhabhtú le Covid-19 a chosc, a íoslaghdú nó a theorannú;

(c) don éifeacht, ar infhaighteacht síciatraithe sainchomhairleacha agus daoine eile chun feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, a bheidh ag leathadh Covid-19 agus ag acmhainní na seirbhísí sláinte a chur chun úsáide d'fhonn—

(i) an baol atá ann go ndéanfar daoine a ionfhabhtú le Covid-19 a chosc, a íoslaghdú nó a theorannú,

(ii) daoine a thástáil i leith Covid-19, agus

(iii) cúram agus cóireáil a sholáthar do dhaoine atá ionfhabhtaithe le Covid-19.

(2) San alt seo, ciallaíonn 'Covid-19' galar arb é is cúis leis ionfhabhtú leis an víreas SARS-CoV-2 agus a shonraítear mar ghalar aicídeach de réir Rialachán 6 de na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha, 1981 (I.R. Uimh. 390 de 1981) agus an Sceidil a ghabhann leis na Rialacháin sin, nó aon athraitheach ar an ngalar a shonraítear amhlaidh mar ghalar aicídeach sna Rialacháin sin.".

**Leasú ar alt 17 d'Acht 2001**

**17.** Leasaítear alt 17 d'Acht 2001—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

"(c) a ordú i scríbhinn do chomhalta den phainéal síciatraithe sainchomhairleacha arna bhunú faoi alt 33(3)(b) nó do shíciatraí sainchomhairleach, seachas an síciatraí sainchomhairleach atá freagrach as cúram agus cóireáil a thabhairt don othar lena mbaineann—

(i) faoi réir fho-alt (6), an t-othar lena mbaineann a scrúdú,

(ii) agallamh a chur ar an síciatraí sainchomhairleach atá freagrach as cúram agus cóireáil a thabhairt don othar, agus

(iii) athbhreithniú a dhéanamh ar na taifid a bhaineann leis an othar,

d'fhonn a chinneadh, ar mhaithe leis an othar, an amhlaidh go bhfuil neamhord meabhrach ar an othar agus tuarascáil i scríbhinn i dtaobh thorthaí an scrúdaithe, an agallaimh agus an athbhreithnithe a thabhairt laistigh de 14 lá don bhinse a mbeidh an ní tarchurtha chuige agus cóip den tuarascáil a thabhairt d'ionadaí dlíthiúil an othair,",

agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

"(d) a ordú i scríbhinn don síciatraí sainchomhairleach atá freagrach as cúram agus cóireáil a thabhairt don othar lena mbaineann tuarascáil i scríbhinn a thabhairt don bhinse a mbeidh an ní tarchurtha chuige, tráth nach luaithe ná an lá roimh dháta an tsuí iomchuí den bhinse, is tuarascáil ar a thuairim nó a tuairim i dtaobh an amhlaidh go leanann neamhord meabhrach de bheith ar an othar agus cóip den tuarascáil a thabhairt d'ionadaí dlíthiúil an othair.",

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Más rud é nach féidir leis an síciatraí sainchomhairleach a mbeidh ordachán tugtha dó nó di faoi fho-alt (1)(c) an t-ordachán a chomhlíonadh, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn á rá sin don Choimisiún agus tabharfaidh an Coimisiún ordachán faoi fho-alt (1)(c) do chomhalta eile den phainéal síciatraithe sainchomhairleacha nó do shíciatraí sainchomhairleach eile

seachas an síciatraí sainchomhairleach atá freagrach as cúram agus cóireáil a thabhairt don othar lena mbaineann.”,

agus

(c) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) Is cosaint é do dhuine a chúiseofar i gcion faoi fho-alt (4) arb éard é mainneachtain comhoibriú le síciatraí sainchomhairleach i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo a chruthú go raibh an mhainneachtain inchurtha i leith na riachtanas a bhain leis an éigeandáil sláinte poiblí.

(6) I gcás nach féidir le síciatraí sainchomhairleach, mar gheall ar riachtanais na héigeandála sláinte poiblí, scrúdú a dhéanamh, cibé acu i bpearsa nó ar mhodhanna cuí eile, faoi fho-alt (1)(c)(i), déanfaidh sé nó sí na cúiseanna áirithe nach féidir leis nó léi déanamh amhlaidh a leagan amach ina thuarascáil nó ina tuarascáil chun an bhinse faoin bhfo-alt sin.”.

**Leasú ar alt 18 d’Acht 2001**

**18.** Leasaítear alt 18 d’Acht 2001—

(a) i bhfo-alt (3), trí “na tuarascálacha iomchuí faoi alt 17(1)(c) agus (d)” a chur in ionad “an tuarascáil iomchuí faoi alt 17(1)(c)”,

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Faoi réir fho-alt (3B), i gcás go mbeidh feidhm ag alt 48(3A), rachaidh an binse lena mbaineann i gcomhairle le síciatraí sainchomhairleach, seachas na síciatraithe sainchomhairleacha a d’ullmhaigh na tuarascálacha faoi alt 17(1)(c) agus (d), d’fhonn breith a thabhairt faoi fho-alt (1), i gcás—

(a) nach ionann na tuairimí arna nochtadh sna tuarascálacha faoi alt 17(1)(c) agus (d) i dtaobh an amhlaidh go bhfuil neamhord meabhrach ar an othar, nó

(b) go measfaidh sé thairis sin gur gá déanamh amhlaidh ar mhaithe leis an othar.

(3B) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3A) i gcás nach féidir leis an mbinse, mar gheall ar riachtanais na héigeandála sláinte poiblí, dul i gcomhairle le síciatraí sainchomhairleach de réir an fho-ailt sin.”,

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Féadfar an tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a fhadú le hordú ón mbinse lena mbaineann (cibé acu uaidh féin nó ar iarraidh a fháil ón othar lena mbaineann) de thréimhse bhreise 14 lá agus féadfaidh sé í a fhadú tuilleadh le hordú dá éis sin de thréimhse 14 lá—

(a) ar iarratas a fháil ón othar, más deimhin leis an mbinse gur ar mhaithe leis an othar déanamh amhlaidh, nó

(b) uaidh féin, más deimhin leis an mbinse, ag féachaint go cuí do leas an othair, gur gá déanamh amhlaidh mar gheall ar na riachtanais a bhaineann leis an éigeandáil sláinte poiblí,

agus leanfaidh an t-ordú glactha isteach iomchuí nó, de réir mar a bheidh, an t-ordú athnuachana iomchuí, de bheith i bhfeidhm go dtí dáta éagtha an ordaithe a dhéanfar faoin bhfo-alt seo.".

**Leasú ar alt 28 d'Acht 2001**

**19.** Leasaítear alt 28 d'Acht 2001—

(a) i bhfo-alt (3)(b), trí "i dteideal, faoi réir fho-alt (6)," a chur in ionad "i dteideal",

(b) i bhfo-alt (5), trí "d'ailt 17 go 19, faoi réir fho-alt (6)," a chur in ionad "d'ailt 17 go 19", agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

"(6) I gcás athbhreithniú a bhfuil feidhm ag fo-alt (5) maidir leis—

(a) ní bheidh feidhm ag fo-ailt (2) agus (4) d'alt 18, agus

(b) tabharfar breith faoi alt 18(1) a luaithe is indéanta le réasún, ag féachaint—

(i) do na riachtanais a bhaineann leis an éigeandáil sláinte poiblí, agus

(ii) don ghá atá ann go dtabharfaidh an binse tosaíocht d'athbhreithnithe a bhainfidh le hothair a bheidh á gcoinneáil de bhun ordú glactha isteach nó ordú athnuachana.".

**Leasú ar alt 48 d'Acht 2001**

**20.** Leasaítear alt 48 d'Acht 2001 trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(3A) D'ainneoin fho-ailt (2) agus (3), i gcás gur dealraitheach don Choimisiún nach féidir, mar gheall ar na riachtanais a bhaineann leis an éigeandáil sláinte poiblí, binse a cheapadh de réir na bhfo-alt sin, féadfaidh sé binse a cheapadh ar a mbeidh aon chomhalta amháin arb abhcóide cleachtach nó aturnae cleachtach é nó í agus a mbeidh taithí 7 mbliana ar a laghad aige nó aici mar abhcóide cleachtach nó aturnae cleachtach, is tréimhse dar críoch díreach roimh an gceapachán sin.

(3B) I gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (3A)—

(a) ní bheidh éifeacht le fo-alt (4), agus

(b) forléireofar an tagairt i bhfo-alt (8) do gach comhalta den bhinse mar thagairt do chomhalta an bhinse.".

**Leasú ar alt 49 d'Acht 2001**

**21.** Leasaítear alt 49 d'Acht 2001—

(a) i bhfo-alt (2), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

"(ca) a ordú i scríbhinn d'aon duine, a gceanglófaí air nó uirthi de ghnáth, mura mbeadh na riachtanais a bhaineann leis an éigeandáil sláinte poiblí, freastal os comhair an bhinse, ráiteas i scríbhinn a sholáthar don bhinse i dtaobh cibé nithe a shonrófar san ordachán,",

(b) i bhfo-alt (4)(c), trí "faoi mhír (ca), (d) nó (e)" a chur in ionad "faoi mhír (c), (d) nó (e)",

(c) i bhfo-alt (6)—

(i) i mír (a), trí "maidir le dáta agus le ham" a chur in ionad "maidir le dáta, am agus ionad", agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

"(c) a chumasú don othar is ábhar don athbhreithniú a chás nó a cás a chur i láthair an bhinse ar mhodh aighneachtaí i scríbhinn a dhéanfaidh an t-othar nó a ionadaí dlíthiúil nó a hionadaí dlíthiúil,",

agus

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (11):

"(12) I gcás go mbeidh feidhm ag alt 48(3A), déanfaidh an Coimisiún, ar iarraidh a fháil ón mbinse, síciatraí sainchomhairleach a cheapadh a bhféadfaidh an binse dul i gcomhairle leis nó léi ar an dáta a bheidh an binse ina shuí agus chun críocha an athbhreithnithe lena mbaineann.".

**Leasú ar alt 58 d'Acht 2001**

**22.** Leasaítear Acht 2001 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 58:

**"58.** (1) Ní dhéanfar síceamháinliacht ar othar.

(2) San alt seo, ciallaíonn 'síceamháinliacht' aon obráid mháinliachta ina ndíothaítear fíochán inchinne nó feidhmiú fíocháin inchinne agus a dhéantar d'fhonn neamhord meabhrach a mhaolú.".

**Forálacha áirithe d'Acht 2001 nach mbeidh éifeacht leo**

**23.** Fad a bheidh na leasuithe agus na modhnuithe eile a dhéantar leis an gCuid seo i ngníomh, ní bheidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas d'Acht 2001:

(a) alt 17(2);

(b) fo-ailt (2)(a), (b) agus (c), (3), (4)(a) agus (b), (6)(f), (g), (h) agus (i) agus (11) d'alt 49.

**Forálacha idirthréimhseacha**

**24.** Más rud é, roimh an dáta a thiocfaidh an Chuid seo i ngníomh, gur thionóil binse arna cheapadh faoi alt 48 d'Acht 2001 suí faoi alt 49 den Acht sin, chun go ndéanfaidh sé athbhreithniú faoin Acht, agus nach mbeidh a bhreith tugtha ag an mbinse faoi alt 18(1) den Acht i ndáil leis an athbhreithniú faoin dáta sin, beidh feidhm ag alt 49 den Acht maidir le haon suíonna breise den bhinse chun críocha an athbhreithnithe amhail is nach mbeadh na leasuithe agus na modhnuithe ar an alt sin a dhéantar leis an gCuid seo tagtha i ngníomh.

CUID 6

LEASÚ AR AN ACHT COSANTA, 1954: DAOINE A BHÍ LIOSTÁILTE TRÁTH A ATHLIOSTÁIL

**Léiriú**

**25.** Sa Chuid seo, ciallaíonn "Acht 1954" an tAcht Cosanta, 1954, arna leasú, arna leathnú, agus arna bhuanú le hachtacháin ina dhiaidh sin.

**Leasú ar an Acht Cosanta, 1954: daoine a bhí liostáilte tráth a athliostáil**

**26.** Leasaítear an tAcht Cosanta, 1954—

(a) in alt 19(b), trí "alt 53, 53A nó 54" a chur in ionad "alt 53 nó 54",

(b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 53:

**"Daoine a bhí liostáilte tráth a athliostáil**

**53A.** (1) Aon duine a bhí liostáilte sna Buan-Óglaigh tráth agus—

(a) a bhfuil téarma iomlán a liostála bunaidh (agus, más infheidhme, aon tréimhsí seirbhíse a údaraítear faoi alt 64 nó 65) curtha isteach aige nó aici de réir alt 53, nó

(b) a urscaoileadh de réir alt 75,

féadfar, faoi réir fho-alt (2), é nó í a athliostáil mar dhuine liostáilte de na Buan-Óglaigh ar feadh tréimhse shonraithe mar a chinnfidh an tAire.

(2) Ní fhéadfar duine a athliostáil faoi fho-alt (1) ach amháin i gcás go gcinnfidh an tAire gur réiteach é an gníomh sin ar scileanna riachtanacha nó saineolas riachtanach a bheith in easnamh laistigh d'Óglaigh na hÉireann is scileanna nó saineolas nach féidir, ina thuairim nó ina tuairim, freastal dóibh nó dó trí na hacmhainní pearsanra a bheidh ann a úsáid.

(3) Aon duine a athliostálfar faoi fho-alt (1), féadfar an tréimhse seirbhíse sin aige nó aici a fhadú de cibé tréimhse bhreise a chinnfidh an tAire, ag féachaint d'aon scileanna riachtanacha nó saineolas riachtanach a bheidh in easnamh laistigh d'Óglaigh na hÉireann is scileanna nó saineolas nach féidir, ina thuairim nó ina tuairim, freastal dóibh nó dó trí na hacmhainní pearsanra a bheidh ann an tráth sin a úsáid.

(4) Ní bheidh feidhm ag ailt 53, 63, 64, 65 ná 70 maidir le duine a athliostálfar faoin alt seo.",

(c) in alt 58(1), trí "alt 53 nó 53A" a chur in ionad "alt 53", agus

(d) in alt 69, trí "alt 53 nó 53A" a chur in ionad "alt 53".

**Forálacha lena rialaítear cúltacairí d'fhilleadh ar an bhfostaíocht**

**27.** (1) I gcás go ndéanfar comhalta de na hÓglaigh Cúltaca mar a mhínítear in Acht 1954 (dá ngairtear an "cúltacaire" san alt seo) a ghairm amach ar buanseirbhís nó i gcabhair ar an gcumhacht shibhialta, faoi fhorálacha Acht 1954, agus go raibh an cúltacaire sin, an tráth

a gaireadh amach é nó í amhlaidh, ar fostú ag duine eile (dá ngairtear “an t-iarfhostóir” san alt seo), beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) ar éag don tréimhse ar lena linn a bhí an cúltacaire as láthair ón obair le linn dó nó di a bheith arna ghairm nó arna gairm amach ar buanseirbhís amhlaidh nó i gcabhair ar an gcumhacht shibhialta, beidh an cúltacaire i dteideal dul ar ais ag obair a luaithe is indéanta le réasún—

(i) leis an bhfostóir lena raibh sé nó sí ag obair díreach roimh thosach na tréimhse sin nó, i gcás , le linn don chúltacaire a bheith as láthair ón obair, gur tharla athrú ar úinéireacht an ghnóthais ina raibh sé nó sí fostaithe díreach sula raibh sé nó sí as láthair, le húinéir (dá ngairtear an “comharba” san alt seo) an ghnóthais ar éag don tréimhse asláithreachta,

(ii) sa phost a bhí ag an gcúltacaire díreach roimh thosach na tréimhse sin, agus

(iii) faoin gconradh fostaíochta faoina raibh an cúltacaire fostaithe díreach roimh thosach na tréimhse sin nó, i gcás gur tharla athrú ar úinéireacht den sórt dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*, faoi chonradh fostaíochta leis an gcomharba, ar conradh é is ionann agus an conradh faoina raibh an cúltacaire fostaithe díreach roimh thosach na tréimhse sin agus (i gceachtar cás) faoi théarmaí agus coinníollacha—

(I) nach lú fabhar ná na téarmaí agus na coinníollacha a bheadh infheidhme maidir leis an gcúltacaire, agus

(II) a chuimsíonn aon fheabhsúchán ar na téarmaí nó na coinníollacha fostaíochta a mbeadh an cúltacaire ina theideal,

murach é nó í a bheith as láthair amhlaidh ón obair.

(2) I gcás cúltacaire a bheith i dteideal dul ar ais ag obair de réir *fho-alt (1)* ach nach indéanta le réasún don fhostóir nó don chomharba a cheadú don chúltacaire dul ar ais ag obair de réir an fho-ailt sin, beidh an cúltacaire i dteideal, faoi réir fhorálacha an ailt seo, go ndéanfaidh an fostóir, an comharba nó fostóir comhlachaithe fostaíocht oiriúnach eile faoi chonradh nua fostaíochta a thairiscint dó nó di.

(3) Is obair oiriúnach eile chun críocha an ailt seo obair faoi chonradh nua fostaíochta, más rud é—

(a) gur obair de shaghas atá oiriúnach i ndáil leis an gcúltacaire lena mbaineann agus is cuí don chúltacaire a dhéanamh sna himthosca í an obair a cheanglófar a dhéanamh faoin gconradh, agus

(b) maidir le téarmaí agus coinníollacha an chonartha—

(i) a bhaineann leis an áit ina gceanglaítear an obair faoi a dhéanamh, leis an gcáil ina bhfostófar an cúltacaire lena mbaineann agus le haon téarmaí nó coinníollacha eile fostaíochta, nach lú fabhar don chúltacaire iad ná téarmaí agus coinníollacha a chonartha nó a conartha fostaíochta díreach roimh thosach na tréimhse asláithreachta ón obair le linn dó nó di a bheith ar shaoire chosantach, agus

(ii) go gcuimsíonn siad aon fheabhsúchán ar na téarmaí nó na coinníollacha fostaíochta a mbeadh an cúltacaire ina theideal murach é nó í a bheith as láthair amhlaidh ón obair le linn na tréimhse sin.

(4) Maidir le cúltacaire a ghairfear amach ar buanseirbhís amhlaidh nó i gcabhair ar an gcumhacht shibhialta, le linn dó nó di a bheith as láthair ón obair, measfar go raibh sé nó sí ar fostú ag an bhfostóir nó ag an gcomharba agus, dá réir sin, le linn dó nó di a bheith as láthair amhlaidh, déileálfar leis an gcúltacaire amhail is dá mbeadh sé nó sí gan bheith as láthair amhlaidh agus ní dhéanfaidh an asláithreacht sin difear d'aon cheart, cibé acu is le reacht, le conradh nó ar shlí eile a thugtar dó nó di é, a bhaineann le fostaíocht an chúltacaire.

(5) Maidir leis an teidlíocht chun dul ar ais ag obair de réir *fho-alt (1)* nó go dtairgfí fostaíocht oiriúnach eile faoi *fho-alt (2)*, beidh sí faoi réir cúltacaire a bhí as láthair ón obair toisc go raibh sé nó sí arna ghairm nó arna gairm amach ar buanseirbhís nó i gcabhair ar an gcumhacht shibhialta do thabhairt fógra i scríbhinn a luaithe is indéanta le réasún (nó do chur faoi deara fógra a thabhairt amhlaidh) don fhostóir nó, i gcás gurb eol dó nó di gur tharla athrú ar úinéireacht an ghnóthais lena mbaineann, don chomharba, go bhfuil sé ar intinn aige nó aici dul ar ais ag obair agus i dtaobh an dáta is dóigh leis nó léi a rachaidh sé nó sí ar ais ag obair.

(6) I gcás, mar gheall ar stop leis an obair nó scor den obair in ionad fostaíochta cúltacaire, a bheidh ann ar an dáta a bheidh sonraithe i bhfógra faoi *fho-alt (4)* a thabharfaidh an cúltacaire, gur míréasúnach a bheith ag súil go rachadh an cúltacaire ar ais ag obair ar an dáta a bheidh sonraithe san fhógra, féadfaidh an cúltacaire, ina ionad sin, dul ar ais ag obair nuair a atosófar ar an obair san ionad fostaíochta tar éis an stop nó an scoir, nó a luaithe is indéanta le réasún tar éis an atosaithe sin.

## CUID 7

### Covid-19: Forálacha maidir le Fóirdheontas Sealadach Pá

**Covid-19: forálacha maidir le fóirdheontas sealadach pá**

**28.** (1) San alt seo—

ciallaíonn "Acht" an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997;

ciallaíonn "tréimhse infheidhme" an tréimhse dar tosach an 26 Márta 2020 agus dar críoch cibé lá a chinnfidh an tAire agus a shonróidh sé nó sí in ordú arna dhéanamh aige nó aici faoi *fho-alt (20)*;

tá le "díolaíochtaí", "fostóir" agus "fostaí" na bríonna céanna atá leo i gCaibidil 4 de Chuid 42 den Acht;

tá le "pá comhlán" an bhrí chéanna atá leis sna Rialacháin;

ciallaíonn "Aire" an tAire Airgeadais;

ciallaíonn "Rialacháin" na Rialacháin Cánach Ioncaim (Fostaíochtaí), 2018 (I.R. Uimh. 345 de 2018);

ciallaíonn "fostaí sonraithe", i ndáil le fostóir, pearsa aonair a bhí ar phárolla an fhostóra an 29 Feabhra 2020, agus arb amhlaidh, maidir leis an bhfostóir—

(a) go mbeidh fógra nó fógraí i dtaobh díolaíochtaí a íoc leis an bhfostaí i mí Feabhra 2020 curtha faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim aige nó aici de réir Rialachán 10 de na Rialacháin, agus

(b) go mbeidh an tuairisceán a cheanglaítear a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim faoi alt 985G den Acht curtha faoina mbráid amhlaidh aige nó aici do mhí Feabhra 2020 ar an dáta tuairisceáin (de réir bhrí alt 983 den Acht) nó roimhe don mhí sin;

déanfar "fóirdheontas sealadach pá" a fhorléiriú de réir *fho-ailt (5)* agus *(6)*.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo i gcás—

(a) go ndearna Covid-19 dochar mór do ghnó fostóra agus nach féidir leis an bhfostóir, mar gheall ar an dochar sin, na díolaíochtaí a íoc le fostaí sonraithe a d'íocfadh an fostóir leis nó léi de ghnáth thairis sin,

(b) d'ainneoin na himthosca dá dtagraítear i *mír (a)* a bheith ann, go bhfuil rún daingean ag an bhfostóir leanúint leis an bhfostaí sonraithe a fhostú (agus le díolaíochtaí a íoc leis nó léi dá réir) agus go bhfuil sé nó sí ag déanamh a dhíchill nó a díchill chun roinnt de na díolaíochtaí dá dtagraítear i *mír (a)* a íoc leis an bhfostaí le linn na tréimhse infheidhme, agus

(c) gur chomhlíon an fostóir na coinníollacha a shonraítear i *bhfo-alt (4).*

(3) Déileálfar le gnó an fhostóra amhail is go bhfuil dochar á dhéanamh dó a mhéid dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(a)* i gcás, de réir treoirlínte arna bhfoilsiú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi f*ho-alt (19),* go léireoidh an fostóir chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim, go mbeidh, mar gheall ar Covid-19 agus ar an gcur isteach ar an tráchtáil a ghabhann leis, sa tréimhse idir an 14 Márta 2020 agus an 30 Meitheamh 2020, laghdú 25 faoin gcéad ar a laghad ar láimhdeachas ghnó an fhostóra nó ar na horduithe ó chustaiméirí a bheidh á bhfáil ag an bhfostóir.

(4) Is iad seo a leanas na coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(c)*—

(a) gur logáil an fostóir isteach ar chóras ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim (dá ngairtear "ROS" san alt seo) sa réimse "M'Fhiosruithe" trí úsáid a bhaint as uimhir tagartha cánach an fhostóra chun críocha oibriú Chaibidil 4 de Chuid 42 den Acht agus na Rialachán,

(b) go ndearna an fostóir, ar an dearbhú dá ngairtear an dearbhú "Covid-19: Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá" in ROS a bheith léite aige nó aici, an dearbhú sin a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim trí ROS, agus

(c) gur chuir an fostóir mionsonraí ar fáil i dtaobh chuntas bainc an fhostóra ar ROS sna réimsí "Bainistigh Cuntais Bhainc" agus "Bainistigh Ríomhaistriú Airgid".

(5) I gcás go mbeidh feidhm ag an alt seo, ansin, tar éis don fhostóir fógra a thabhairt i dtaobh díolaíochtaí a íoc le fostaí sonraithe sa tréimhse infheidhme de réir Rialachán 10 de na Rialacháin, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim leis an bhfostóir i ndáil leis an bhfostaí sonraithe suim (dá ngairtear "fóirdheontas sealadach pá" san alt seo) de mhéid a chinnfear de réir *fho-alt (6)*,

(b) déanfar an íocaíocht dá dtagraítear i *mír (a)* trí aistriú bainc chuig cuntas bainc an fhostóra, a mbeidh na mionsonraí maidir leis tugtha de réir *fho-alt (4)(c),*

(c) más rud é, faoi *mhír (a)*, go gceanglófar ar na Coimisinéirí Ioncaim íocaíocht a dhéanamh leis an bhfostóir i leith gach duine de 2 fhostaí shonraithe nó níos mó, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim na híocaíochtaí faoi *mhír (a)* a chomhiomlánú chun *mír (b)* a chomhlíonadh,

(d) ar an bhfostóir d'íoc na ndíolaíochtaí is ábhar don fhógra a chéadluaitear san fho-alt seo leis an bhfostaí sonraithe, cuirfidh an fostóir leis an íocaíocht sin méid breise atá comhionann leis an bhfóirdheontas sealadach pá i ndáil leis an bhfostaí sonraithe,

(e) d'ainneoin aon fhoráil eile den Acht, ní mheasfar gur díolaíochtaí de chuid an fhostaí shonraithe chun críocha Chaibidil 4 de Chuid 42 den Acht agus na Rialachán é an méid breise a íocfaidh an fostóir leis an bhfostaí sonraithe de réir *mhír (d)*, ach déileálfar leis mar ioncam is inmhuirearaithe i leith cánach ar an bhfostaí sonraithe faoi Sceideal E de réir bhrí alt 19 den Acht,

(f) maidir leis an ráiteas i dtaobh pá agus asbhaintí ó phá a cheanglaítear ar an bhfostóir a thabhairt don fhostaí sonraithe faoi alt 4 den Acht um Íoc Pá, 1991, cuirfidh an fostóir leis an ráiteas sin mionsonraí faoin méid breise a íocfaidh an fostóir leis an bhfostaí sonraithe de réir *mhír (d)* agus déanfaidh an fostóir na mionsonraí sin a shainaithint ar leithligh sa ráiteas sin agus déileálfar leis an méid breise sin mar chuid de phá comhlán an fhostaí shonraithe chun críoch na Rialachán,

(g) i gcás go mbeidh feidhm ag *mír (d)*, déileálfaidh an fostóir leis an bhfostaí sonraithe lena mbaineann mar fhostaí a thagann faoi réim Aicme J9 den Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa chun críocha oibleagáidí an fhostóra faoi Chaibidil 4 de Chuid 42 den Acht agus faoi na Rialacháin tuairisc a thabhairt ar nithe a shonraítear sa Chaibidil sin nó sna Rialacháin sin,

(h) ní dhéanfaidh oibriú *mhír (g)* dochar do theidlíocht an fhostaí shonraithe chun sochar nó cúnaimh faoi fhorálacha na nAchtanna Leasa Shóisialaigh, ach, i gcás go mbeidh feidhm ag *mír (d)* i ndáil le fostaí sonraithe le haghaidh aon seachtain, ní bheidh an fostaí sonraithe i dteideal aon sochar nó íocaíocht, a bhaineann le Covid-19, ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí le haghaidh na seachtaine sin,

(i) d'ainneoin aon fhoráil eile den Acht, le linn dliteanas an fhostóra i leith cáin ioncaim nó cáin chorparáide a ríomh, de réir mar a bheidh, ní bheidh an fostóir i dteideal asbhaint i leith aon mhéid breise arna íoc le fostaí sonraithe de réir *mhír (d)*, agus

(j) comhlíonfaidh an fostóir aon ordachán eile ó na Coimisinéirí Ioncaim a fhéadfaidh siad, de bhua na míre seo, a thabhairt le réasún i ndáil le tuairisc a thabhairt maidir leis an bhfostóir d'íoc méid breise le fostaí sonraithe de réir *mhír (d)*, arb ordachán é lena n-éascaítear riaradh éifeachtach an ailt seo.

(6) (a) Déanfaidh an tAire Airgeadais, faoi réir *mhíreanna (b)* go *(f)*, méid an fhóirdheontais shealadaigh pá a chinneadh, le toiliú an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, arna thabhairt le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(b) Féadfar méideanna éagsúla d'fhóirdheontas sealadach pá a chinneadh faoin bhfo-alt seo i ndáil le haicmí éagsúla fostaí.

(c) Le linn dó nó di méid an fhóirdheontais shealadaigh pá a bheidh i gceist faoin bhfo-alt seo a chinneadh, tabharfaidh an tAire aird ar mhéid a chinneadh, ar méid é a bheadh, i dtuairim an Aire, ina rannchuidiú suntasach chun an t-easnamh a shlánú

i méid na ndíolaíochtaí a bheadh iníoctha thairis sin, mar a luaitear i *bhfo-alt (2)(a),* leis an bhfostaí sonraithe lena mbaineann.

(d) Maidir leis na díolaíochtaí seachtainiúla glana a bheadh iníoctha thairis sin, mar a luaitear i *bhfo-alt (2)(a),* leis an bhfostaí sonraithe, i gcás nach mó ná €586 in aghaidh na seachtaine iad, ní bheidh méid an fhóirdheontais shealadaigh pá níos mó ná méid seachtainiúil atá comhionann le 70 faoin gcéad de na díolaíochtaí seachtainiúla glana a bheadh iníoctha amhlaidh thairis sin.

(e) Maidir le méid na ndíolaíochtaí seachtainiúla glana a bheadh iníoctha thairis sin, mar a luaitear i *bhfo-alt (2)(a),* leis an bhfostaí sonraithe, i gcás gur mó ná €586 in aghaidh na seachtaine ach nach mó ná €960 in aghaidh na seachtaine é, is é méid an fhóirdheontais shealadaigh pá an méid a chinnfidh an tAire Airgeadais ó am go ham, le toiliú an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, arna thabhairt le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(f) Ní dhéanfar fóirdheontas sealadach pá a íoc le fostóir i ndáil le fostaí sonraithe i gcás gur mó ná €960 in aghaidh na seachtaine méid dhíolaíochtaí seachtainiúla glana an fhostaí sin.

(7) Déanfar na sonraí i dtaobh aon chinneadh faoi *fho-alt (6)* maidir le méid fóirdheontais shealadaigh pá a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim.

(8) D'ainneoin aon oibleagáid arna forchur ar na Coimisinéirí Ioncaim faoi alt 851A den Acht nó faoi aon achtachán eile i ndáil le rúndacht faisnéise i dtaobh cáiníocóirí (de réir bhrí an ailt sin), déanfar ainmneacha agus seoltaí na bhfostaithe go léir ar íoc na Coimisinéirí Ioncaim fóirdheontas sealadach pá leo a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim.

(9) I gcás gur íoc na Coimisinéirí Ioncaim fóirdheontas sealadach pá le fostóir i ndail le fostaí sonraithe de réir *fho-alt (5)(a)* agus go dtarlóidh sé nár íoc an fostóir leis an bhfostaí sonraithe méid breise atá comhionann leis an bhfóirdheontas sealadach pá de réir *fho-alt (5)(d),* nó nach raibh an fostóir i dteideal fóirdheontas sealadach pá a fháil i leith aon phearsa aonair, déanfaidh an fostóir an fóirdheontas sealadach pá a íocadh amhlaidh leis an bhfostaí a aisíoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.

(10) Maidir le méid a cheanglaítear ar fhostóir a aisíoc leis na Coimisinéirí Ioncaim de réir *fho-alt (9)* (dá ngairtear "cáin iomchuí" san alt seo), déileálfar leis amhail is dá mba cháin ioncaim é a bheadh dlite agus iníoctha ag an bhfostóir ón dáta a d'íoc na Coimisinéirí Ioncaim an fóirdheontas sealadach pá dá dtagraítear san fho-alt sin leis an bhfostóir agus beidh sé dlite agus iníoctha amhlaidh gan measúnacht a bheith déanta.

(11) D'ainneoin *fho-alt (10)*, i gcás gur deimhin le hoifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le méid cánach iomchuí a bhfuil sé dlite ar an bhfostóir é a íoc, go bhfuil sé fós gan íoc, féadfaidh an t-oifigeach sin measúnacht a dhéanamh ar an bhfostóir de réir mar is fearr a mheasfaidh an t-oifigeach, agus beidh aon mhéid cánach iomchuí a bheidh dlite faoi mheasúnacht a dhéanfar amhlaidh dlite agus iníoctha ón dáta a d'íoc na Coimisinéirí Ioncaim an fóirdheontas sealadach pá dá dtagraítear i *bhfo-alt (9)* leis an bhfostóir.

(12) Maidir leis na forálacha sin de na hAchtanna Cánach Ioncaim a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

(a) measúnachtaí i leith cáin ioncaim,

(b) achomhairc i gcoinne measúnachtaí den sórt sin (lena n-áirítear achomhairc a athéisteacht agus cás a shonrú chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil air), agus

(c) cáin ioncaim a bhailiú agus a ghnóthú,

beidh feidhm acu, a mhéid is infheidhme iad, maidir le cáin iomchuí a mheasúnú, a bhailiú agus a ghnóthú.

(13) Aon mhéid cánach iomchuí is iníoctha de réir an ailt seo, béarfaidh sé ús de réir ráta 0.0219 faoin gcéad in aghaidh gach lae nó gach cuid de lá ón dáta a bheidh an méid dlite agus iníoctha.

(14) Beidh feidhm ag fo-ailt (3) go (5) d'alt 1080 den Acht i ndáil le hús is iníoctha faoi *fho-alt (13)* mar atá feidhm acu i ndáil le hús is iníoctha faoi alt 1080 den Acht.

(15) I gcás go mainneoidh fostóir na forálacha *d'fho-alt (5)(f)* a chomhlíonadh i ndáil le fostaí sonraithe maidir le ráiteas i dtaobh pá agus asbhaintí as pá a thabhairt don fhostaí faoi alt 4 den Acht um Íoc Pá, 1991, dlífear pionós a chur ar an bhfostóir sin amhail is dá mba mhainneachtain na Rialacháin a chomhlíonadh í an mhainneachtain sin, agus beidh feidhm ag forálacha alt 987 den Acht, fara aon mhodhnuithe is gá, i ndáil le pionós faoin bhfo-alt seo mar atá feidhm acu i ndáil le pionós mar gheall ar mhainneachtain na Rialacháin a chomhlíonadh.

(16) Beidh duine, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur air nó uirthi, ciontach i gcion faoin alt seo más rud é, maidir leis an duine—

(a) go ndéanfaidh sé nó sí, go feasach nó go toiliúil, aon tuairisceán nó ráiteas mícheart a sheachadadh, nó go dtabharfaidh sé nó sí, go feasach nó go toiliúil, aon fhaisnéis mhícheart i dtaca le hoibriú *fho-alt (3)* nó leis an incháilitheacht maidir le fóirdheontas sealadach pá i ndáil le haon phearsa aonair, nó

(b) go gcabhróidh nó go neartóidh nó go gcuideoidh sé nó sí go feasach le duine eile, nó go ngríosóidh nó go n-aslóidh sé nó sí duine eile go feasach, chun aon tuairisceán nó ráiteas mícheart a dhéanamh nó a sheachadadh go feasach nó go toiliúil, nó aon fhaisnéis mhícheart a thabhairt go feasach nó go toiliúil, i dtaca le hoibriú *fho-alt (3)* nó leis an incháilitheacht maidir le fóirdheontas sealadach pá i ndáil le haon phearsa aonair,

agus beidh feidhm ag forálacha fho-ailt (3) go (10) d'alt 1078 agus alt 1079 den Acht, fara aon mhodhnuithe is gá, chun críocha an fho-ailt seo mar atá feidhm acu chun críoch cionta i ndáil le cáin de réir bhrí alt 1078 den Acht.

(17) D'ainneoin aon oibleagáid arna forchur ar na Coimisinéirí Ioncaim faoi alt 851A den Acht nó aon achtachán eile i ndáil le rúndacht faisnéise i dtaobh cáiníocóirí (de réir bhrí an ailt sin) nó aon oibleagáid arna forchur ar an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh nó aon achtachán eile i ndáil le rúndacht faisnéise maidir le fostóirí agus daoine árachaithe nó daoine eile atá i dteideal sochar nó cúnaimh faoi na hAchtanna sin, féadfar faisnéis is iomchuí maidir le hoibriú éifeachtach an ailt seo a mhalartú idir an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim.

(18) Beidh riaradh an ailt seo faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim agus beidh feidhm ag alt 849 den Acht chun na críche sin fara aon mhodhnuithe is gá mar atá feidhm aige i ndáil le cáin de réir bhrí an ailt sin.

(19) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim treoirlínte a ullmhú agus a fhoilsiú maidir leis na nithe a mheasfaidh siad a bheith ina nithe a dtabharfar aird orthu le linn a chinneadh an amhlaidh go dtarlóidh laghdú, dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, mar gheall ar Covid-19 agus ar an gcur isteach ar an tráchtáil a ghabhann leis.

(20) Aon uair is cuí leis an Aire, cinnfidh an tAire lá, chun críocha an mhínithe ar "tréimhse infheidhme" i *bhfo-alt (1)*, mar an lá dá dtagraítear sa mhíniú sin, ar lá é a rachaidh an tréimhse dá dtagraítear ann in éag, agus sonrófar an lá a chinnfear amhlaidh in ordú a dhéanfaidh an tAire chun críocha an fho-ailt seo.

(21) Forléireofar an t-alt seo—

(a) a mhéid a bhaineann sé le cáin ioncaim, i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncaim, agus

(b) a mhéid a bhaineann sé le cáin chorparáide, i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide.

(22) Déanfar *mír (g)*, a mhéid a bhaineann sí le hÁrachas Sóisialach Pá-Choibhneasa, agus *mír (h) d'fho-alt (5)* a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna Leasa Shóisialaigh.

## CUID 8

### Leasú ar an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967

**Oibriú alt 12 – an tréimhse éigeandála**

**29.** Leasaítear an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 12:

"**12A.** (1) Ní bheidh éifeacht ag alt 12 le linn na tréimhse éigeandála maidir le fostaí a asleagadh nó a coimeádadh ar gearr-am de dheasca éifeachtaí na mbeart a ceanglaíodh ar a fhostóir nó a fostóir a dhéanamh chun go gcomhlíonfadh sé nó sí beartas an Rialtais maidir le leathadh ionfhabhtú Covid-19 a chosc, a theorannú, a íoslaghdú nó a mhoilliú, nó de dhroim an bheartais sin.

(2) Sula rachaidh an tréimhse éigeandála in éag, féadfaidh an Rialtas, ar iarraidh a fháil ón Aire, is iarraidh arna déanamh—

(a) tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Aire Sláinte,

(b) le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus

(c) tar éis dó nó di féachaint do na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (3),

dáta a shonrú, le hordú, is dáta is déanaí ná dáta éagtha na tréimhse éigeandála a shonraítear sa mhíniú ar 'tréimhse éigeandála' nó a bheidh sonraithe san ordú deiridh a bheidh déanta faoin bhfo-alt seo, de réir mar a bheidh, agus déanfar an tréimhse éigeandála a léamh mar thréimhse a shíneann chomh fada leis, agus a chuimsíonn, an dáta a bheidh sonraithe amhlaidh.

(3) Le linn dó ordú a dhéanamh faoi fho-alt (2), tabharfaidh an Rialtas aird ar na nithe seo a leanas:

(a) cineál an ghalair Covid-19 agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar dhaoine aonair, ar an tsochaí agus ar an Stát;

(b) cumas an Stáit freagairt don bhaol don tsláinte phoiblí a bhaineann le leathadh Covid-19;

(c) beartais agus cuspóirí an Rialtais chun sláinte agus leas daoine den phobal a chosaint;

(d) an gá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní;

(e) an gá atá ann maolú a dhéanamh ar na héifeachtaí eacnamaíocha a bhaineann le leathadh Covid-19;

(f) an gá atá ann nasc leanúnach leis an margadh saothair a chinntiú le haghaidh oibrithe a asleagadh nó a cuireadh ar gearr-am go sealadach de thoradh Covid-19;

(g) an gá atá ann an caidreamh idir an fostaí agus an fostóir a chosaint le linn na tréimhse éigeandála;

(h) an gá atá ann maolú a dhéanamh ar an mbaol méadaithe go mbeidh dócmhainneachtaí ann, i gcás líon substaintiúil iomarcaíochtaí do tharlú thar thréimhse ama ghairid a gcaillfear poist go buan mar gheall orthu.

(4) Gach ordú a dhéanfar faoin alt seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

(5) San alt seo—

ciallaíonn 'tréimhse éigeandála' an tréimhse dar tosach an 13 Márta 2020 agus dar críoch an 31 Bealtaine 2020;

ciallaíonn 'Covid-19' galar arb é is cúis leis ionfhabhtú leis an víreas SARS-CoV-2 agus a shonraítear mar ghalar aicídeach de réir Rialachán 6 de na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha, 1981 (I.R. Uimh. 390 de 1981) agus an Sceidil a ghabhann leis na Rialacháin sin, nó aon athraitheach ar an ngalar a shonraítear amhlaidh mar ghalar aicídeach sna Rialacháin sin.".

## CUID 9

### Leasuithe ar an Acht um Chlárú Sibhialta, 2004

**Míniú (*Cuid 9*)**

**30.** Sa Chuid seo, ciallaíonn "Acht 2004" an tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004.

**Foireann an Ard-Chláraitheora do chomhlíonadh feidhmeanna cláraitheora agus fheidhmeanna an Chláraitheora Maoirseachta in imthosca eisceachtúla áirithe**

**31.** Leasaítear Acht 2004 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 8:

"**8A.**(1) Féadfaidh Cláraitheoir Maoirseachta do limistéar clárúcháin iarraidh a dhéanamh i scríbhinn chuig an Ard-Chláraitheoir (dá ngairtear 'iarraidh' san alt seo) go ndéanfaidh an tArd-Chláraitheoir ordachán a eisiúint (dá ngairtear 'ordachán' san alt seo) á rá go ndéanfar feidhmeanna iomchuí cláraitheoirí agus Cláraitheoirí Maoirseachta sa limistéar clárúcháin lena mbaineann an iarraidh a chomhlíonadh de réir an ailt seo.

(2) I gcás go bhfaighidh an tArd-Chláraitheoir iarraidh faoi fho-alt (1), déanfaidh sé nó sí ordachán a eisiúint i ndáil le limistéar clárúcháin i gcás gur deimhin leis nó léi—

(a) gur cuí sin a dhéanamh sna himthosca, agus

(b) gur gá sin a dhéanamh chun leathadh ionfhabhtú Covid-19 a chosc, a theorannú, a íoslaghdú nó a mhoilliú.

(3) I gcás go n-eiseoidh an tArd-Chláraitheoir ordachán i ndáil le limistéar clárúcháin—

(a) comhlíonfaidh cibé comhaltaí d'fhoireann an Ard-Chláraitheora a shonróidh an tArd-Chláraitheoir aon fheidhmeanna iomchuí de chuid cláraitheoir nó Cláraitheoir Maoirseachta don limistéar clárúcháin lena mbaineann an t-ordachán, agus

(b) aon tagairt i bhforáil iomchuí—

(i) do chláraitheoir nó do Chláraitheoir Maoirseachta, léifear í mar thagairt do chomhalta d'fhoireann an Ard-Chláraitheora a shonraítear faoi mhír (a), agus

(ii) don Ard-Chláraitheoir, d'ainneoin alt 8(6), léifear í mar thagairt don Ard-Chláraitheoir.

(4) Sonrófar na nithe seo a leanas in ordachán—

(a) an lá a thiocfaidh sé in éifeacht, agus

(b) an lá a scoirfidh sé d'éifeacht a bheith leis,

agus, faoi réir fho-alt (5), scoirfidh an t-ordachán d'éifeacht a bheith leis i ndáil leis an limistéar clárúcháin ar an dáta deiridh sin.

(5) D'ainneoin an dáta a shonrófar mar an dáta a scoirfidh ordachán d'éifeacht a bheith leis faoi fho-alt (4), scoirfidh ordachán d'éifeacht a bheith leis ar an dáta is luaithe díobh seo a leanas—

(a) cibé dáta a shonróidh an tArd-Chláraitheoir i bhfógra scríofa chuig an gCláraitheoir Maoirseachta don limistéar clárúcháin lena mbaineann an t-ordachán, nó

(b) an dáta a scoirfidh an t-alt seo de bheith i ngníomh de réir fho-ailt (6) nó (7), de réir mar a bheidh.

(6) Leanfaidh an t-alt seo, faoi réir fho-ailt (7) agus (8), i ngníomh go dtí an 31 Bealtaine 2020.

(7) Féadfaidh an Rialtas—

(a) ar iarraidh a fháil ón Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí,

(b) tar éis dó dul i gcomhairle le haon Aire eile den Rialtas is cuí leis nó léi, ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire sin den Rialtas, agus

(c) tar éis dó féachaint do na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (9),

ó am go ham, a dhearbhú, le hordú, go leanfaidh an tréimhse ama a shonraítear i bhfo-alt (6) i ngníomh ar feadh cibé tréimhse nó tréimhsí a shonrófar san ordú lena mbaineann.

(8) Déanfar ordú faoi fho-alt (7) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

(9) Le linn dó ordú a dhéanamh faoi fho-alt (7), tabharfaidh an Rialtas aird ar na nithe seo a leanas:

(a) cineál an ghalair Covid-19 agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar dhaoine aonair, ar an tsochaí agus ar an Stát;

(b) cumas an Stáit freagairt don bhaol don tsláinte phoiblí a bhaineann le leathadh Covid-19;

(c) na bearta a rinneadh chun beartas an Rialtais a chomhlíonadh nó de dhroim an bheartais sin;

(d) an gá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní;

(e) an gá atá ann leanúnachas a chinntiú maidir le seirbhís clárúcháin a fheidhmíonn go maith.

(10) San alt seo—

ciallaíonn 'Covid-19' galar arb é is cúis leis ionfhabhtú leis an víreas SARS-CoV-2 agus a shonraítear mar ghalar aicídeach de réir Rialachán 6 de na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha, 1981 (I.R. Uimh. 390 de 1981) agus an Sceidil a ghabhann leis na Rialacháin sin, nó aon athraitheach ar an ngalar a shonraítear amhlaidh mar ghalar aicídeach sna Rialacháin sin;

ciallaíonn 'feidhm iomchuí' feidhm de chuid cláraitheora nó de chuid Cláraitheoir Maoirseachta faoi fhoráil iomchuí;

ciallaíonn 'foráil iomchuí' Cuid 3 nó Cuid 5.".

**Maolú ar an gceanglas atá ar dhaoine áirithe láithriú i bpearsa faoi Chuid 3 d'Acht 2004**

**32.** Leasaítear Acht 2004 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 19A:

**"19B.**(1) D'ainneoin aon fhoráil den Chuid seo, maidir le tuismitheoir nó faisnéiseoir cáilithe ar a gceanglaítear faoin gCuid seo, laistigh den tréimhse éigeandála—

(a) freastal i bpearsa os comhair cláraitheora,

(b) freastal i bpearsa os comhair Cláraitheoir Maoirseachta, nó

(c) clár a shíniú i láthair aon duine,

measfar sin a bheith déanta aige nó aici i gcás go soláthróidh sé nó sí don chláraitheoir, don Chláraitheoir Maoirseachta nó don duine i dtrácht cibé sonraí scríofa i ndáil leis an gceanglas sin a shonróidh an tArd-Chláraitheoir.

(2) Sula rachaidh an tréimhse éigeandála in éag, féadfaidh an Rialtas, ar iarraidh a fháil ón Aire, is iarraidh arna déanamh—

(a) tar éis dó nó di dul i gcomhairle le haon Aire eile den Rialtas is cuí leis nó léi, ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire sin den Rialtas, agus

(b) tar éis dó nó di féachaint do na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (4),

dáta a shonrú, le hordú, is dáta is déanaí ná dáta éagtha na tréimhse éigeandála a shonraítear sa mhíniú ar 'tréimhse éigeandála' nó a bheidh sonraithe san ordú deiridh faoin bhfo-alt seo, de réir mar a bheidh, agus déanfar an tréimhse éigeandála a léamh mar thréimhse a shíneann chomh fada leis, agus a chuimsíonn, an dáta a bheidh sonraithe amhlaidh.

(3) Déanfar ordú faoi fho-alt (2) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

(4) Le linn dó ordú a dhéanamh faoi fho-alt (2), tabharfaidh an Rialtas aird ar na nithe seo a leanas:

(a) cineál an ghalair Covid-19 agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar dhaoine aonair, ar an tsochaí agus ar an Stát;

(b) cumas an Stáit freagairt don bhaol don tsláinte phoiblí a bhaineann le leathadh Covid-19;

(c) na bearta a rinneadh chun beartas an Rialtais a chomhlíonadh nó de dhroim an bheartais sin;

(d) an gá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní;

(e) an gá atá ann leanúnachas a chinntiú maidir le seirbhís clárúcháin a fheidhmíonn go maith;

(f) an gá atá ann a chinntiú nach gá do dhaoine freastal i bpearsa chun breith a chlárú i gcás nach mbeadh sé sábháilte ná inmholta ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí iad dá dhéanamh sin.

(5) San alt seo—

ciallaíonn 'Covid-19' galar arb é is cúis leis ionfhabhtú leis an víreas SARS-CoV-2 agus a shonraítear mar ghalar aicídeach de réir Rialachán 6 de na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha, 1981 (I.R. Uimh. 390 de 1981) agus an Sceidil a ghabhann leis na Rialacháin sin, nó aon athraitheach ar an ngalar a shonraítear amhlaidh mar ghalar aicídeach sna Rialacháin sin;

ciallaíonn 'tréimhse éigeandála' an tréimhse dar tosach an 13 Márta 2020 agus dar críoch an 31 Bealtaine 2020.".

**Maolú ar an gceanglas atá ar dhaoine áirithe láithriú i bpearsa faoi Chuid 5 d'Acht 2004**

**33.** Leasaítear Acht 2004 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 37:

"**37A.**(1) D'ainneoin aon fhoráil den Chuid seo, maidir le gaol nó faisnéiseoir cáilithe ar a gceanglaítear faoin gCuid seo, laistigh den tréimhse éigeandála—

(a) freastal i bpearsa os comhair cláraitheora,

(b) freastal i bpearsa os comhair Cláraitheoir Maoirseachta, nó

(c) clár a shíniú i láthair aon duine,

measfar sin a bheith déanta aige nó aici i gcás go soláthróidh sé nó sí don chláraitheoir, don Chláraitheoir Maoirseachta nó don duine i dtrácht cibé sonraí scríofa i ndáil leis an gceanglas sin a shonróidh an tArd-Chláraitheoir.

(2) Sula rachaidh an tréimhse éigeandála in éag, féadfaidh an Rialtas, ar iarraidh a fháil ón Aire, is iarraidh arna déanamh—

(a) tar éis dó nó di dul i gcomhairle le haon Aire eile den Rialtas is cuí leis nó léi, ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire sin den Rialtas, agus

(b) tar éis dó nó di féachaint do na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (4),

dáta a shonrú, le hordú, is dáta is déanaí ná dáta éagtha na tréimhse éigeandála a shonraítear sa mhíniú ar 'tréimhse éigeandála' nó a bheidh sonraithe san ordú deiridh faoin bhfo-alt seo, de réir mar a bheidh, agus déanfar an tréimhse éigeandála a léamh mar thréimhse a shíneann chomh fada leis, agus a chuimsíonn, an dáta a bheidh sonraithe amhlaidh.

(3) Déanfar ordú faoi fho-alt (2) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

(4) Le linn dó ordú a dhéanamh faoi fho-alt (2), tabharfaidh an Rialtas aird ar na nithe seo a leanas:

(a) cineál an ghalair Covid-19 agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar dhaoine aonair, ar an tsochaí agus ar an Stát;

(b) cumas an Stáit freagairt don bhaol don tsláinte phoiblí a bhaineann le leathadh Covid-19;

(c) na bearta a rinneadh chun beartas an Rialtais a chomhlíonadh nó de dhroim an bheartais sin;

(d) an gá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní;

(e) an gá atá ann leanúnachas a chinntiú maidir le seirbhís clárúcháin a fheidhmíonn go maith;

(f) an gá atá ann a chinntiú nach gá do dhaoine freastal i bpearsa chun breith a chlárú i gcás nach mbeadh sé sábháilte ná inmholta ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí iad dá dhéanamh sin.

(5) San alt seo—

ciallaíonn 'Covid-19' galar arb é is cúis leis ionfhabhtú leis an víreas SARS-CoV-2 agus a shonraítear mar ghalar aicídeach de réir Rialachán 6 de na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha, 1981 (I.R. Uimh. 390 de 1981) agus an Sceidil a ghabhann leis na Rialacháin sin, nó aon athraitheach ar an ngalar a shonraítear amhlaidh mar ghalar aicídeach sna Rialacháin sin;

ciallaíonn 'tréimhse éigeandála' an tréimhse dar tosach an 13 Márta 2020 agus dar críoch an 31 Bealtaine 2020.".

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€4.06

Wt. _. 22. 9/20. Essentra. (84121). Gr.30-15.

ISBN 978-1-4468-6741-9